An Coimisiún Pleanála

# Tionscadail Leasa Choitinn:

## Lámhleabhar Nósanna Imeachta don Phróiseas Deonaithe Ceadanna

**Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2022/869 maidir le Treoirlínte maidir le Bonneagar Tras-Eorpach Fuinnimh**

**Aguisín II**

## Séanadh

**De réir Airteagal 9.1 den Rialachán, níl an Lámhleabhar seo ceaptha chun a bheith ina dhoiciméad atá ina cheangal dlí. Is é is aidhm don Lámhleabhar cúnamh a thabhairt do thionscnóirí tionscadail, don phobal agus d'údaráis ábhartha. Tá sé beartaithe go soláthrófar trédhearcacht agus go gcabhrófar le rannpháirtíocht phoiblí sa phróiseas um Thionscadail Leasa Choitinn mar thoradh ar an Lámhleabhar**

## Clár Ábhar:


An Coimisiún Pleanála (Forbairt Bonneagair Straitéisigh)........ 1

An Coimisiún um Rialáil Fóntais........ 5

Treoir maidir leis an Acht Ceimiceán........ 20

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil........ 52

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta........ 62

Iarratais Phleanála Muirí........ 63

# An Coimisiún Pleanála (Forbairt Bonneagair Straitéisigh)

## Míniú ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh

Sa 7ú Sceideal a ghabhann le hAcht 2000 (arna leasú), liostaítear na haicmí forbartha bonneagair a gceanglófar orthu iarratas díreach ar chead a dhéanamh chuig an gCoimisiún, seachas chuig an údarás pleanála áitiúil, más rud é go measfaidh an Coimisiún gur forbairt bonneagair straitéisigh iad. Chun cáiliú mar fhorbairt bonneagair straitéisigh, ní mór d'fhorbairt bheartaithe teacht faoi raon feidhme ceann amháin nó níos mó de na haicmí ar dtús, mar aon leis na tairseacha atá sa 7ú Sceideal a chomhlíonadh. Ar an dara dul síos, ní mór don Choimisiún teacht ar an tuairim go gcomhlíonfadh an fhorbairt bheartaithe ceann amháin nó níos mó de na critéir seo a leanas:-

- tá tábhacht straitéiseach, eacnamaíoch nó shóisialach don Stát nó don réigiún ina mbeadh sí suite leis an bhforbairt bheartaithe,
- rannchuideodh an fhorbairt bheartaithe go mór le comhlíonadh aon cheann de na cuspóirí atá sa Chreat Náisiúnta Pleanála nó in aon straitéis réigiúnach spáis agus eacnamaíoch i leith an limistéir nó na limistéar ina mbeadh an fhorbairt suite,
- bheadh éifeacht shuntasach ag an bhforbairt bheartaithe ar an limistéar de chuid níos mó ná údarás pleanála amháin.

Tugann an Coimisiún an tuairim sin go foirmiúil ag deireadh chéim an chomhairliúcháin réamhiarratais tar éis iarraidh ar na comhairliúcháin a dhúnadh a fháil ón iarratasóir ionchasach.

## Ginearálta

Ceann de na ceanglais éigeantacha atá ar iarratasóir ionchasach ar chead pleanála le haghaidh forbairt atá liostaithe sa 7ú Sceideal is ea dul i mbun comhairliúcháin réamhiarratais leis an gCoimisiún agus fógra a fháil ón gCoimisiún á lua cé acu a mheastar nó nach meastar gur forbairt bonneagair straitéisigh í an fhorbairt bheartaithe. Chun críocha na gcomhairliúchán sin, ní mór don iarratasóir ionchasach dóthain faisnéise a sholáthar don Choimisiún chun go mbeidh sé in ann an fhorbairt bheartaithe a mheasúnú i bhfianaise na gcritéar atá leagtha amach le haghaidh forbairt bonneagair straitéisigh.

Tá an cuspóir atá le réamhiarratais leagtha amach san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), agus sna Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú). In aon réamhiarratas, féadfaidh an Coimisiún comhairle a thabhairt don iarratasóir ionchasach maidir leis an iarratas beartaithe agus, go háirithe, maidir leis an méid seo a leanas:

- Cé acu is 'Forbairt Bonneagair Straitéisigh' í an fhorbairt bheartaithe nó nach ea, ag féachaint do na forálacha den reachtaíocht.
- Na nósanna imeachta a ghabhann le hiarratas a dhéanamh ar chead chuig an gCoimisiún agus le hiarratas den sórt sin a bhreithniú.
- Na cúinsí, a bhaineann le pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe nó le héifeachtaí ar an gcomhshaol, a bhféadfadh, i dtuairim an Choimisiúin, baint a bheith acu leis an gcinneadh uaidh i ndáil leis an iarratas.
- Léiriú ar na comhlachtaí/na daoine ar cheart don iarratasóir ionchasach dul i gcomhairle leo sula dtaiscfear iarratas agus sula gcomhlánófar Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta.
- Na Comhlachtaí Forordaithe (faoi Airteagal 213) ar cheart fógra a thabhairt dóibh faoin iarratas.

Ba cheart d'iarratasóirí ionchasacha a thabhairt faoi deara nach bhfuil sé mar chuspóir le comhairliúcháin réamhiarratais teacht ar aon chonclúid maidir le fiúntas an cháis. Is féidir, áfach, go gcuirfidh an Coimisiún in iúl cé na cúinsí, a bhaineann le pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe nó leis an gcomhshaol, a bhféadfadh baint a bheith acu leis an gcinneadh uaidh.

## Iarraidh ar Chomhairliúcháin

Sula ndéanfar iarraidh ar chomhairliúcháin réamhiarratais, ba cheart d'iarratasóir ionchasach a sheiceáil an dtagann an fhorbairt bheartaithe faoi aon cheann de na haicmí atá liostaithe sa 7ú Sceideal a ghabhann le hAcht 2000, arna leasú. Mura dtagann, ní fhéadfar a mheas gur forbairt bonneagair straitéisigh í, agus ba cheart an t-iarratas a dhéanamh chuig an údarás pleanála áitiúil don limistéar.

Ba cheart iarratas ar chomhairliúcháin réamhiarratais a dhéanamh i scríbhinn agus a sheoladh chuig: **An Coimisiún Pleanála, 64 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1**.

Ba cheart an fhaisnéis seo a leanas a bheith ar áireamh in iarratas ar chomhairliúcháin réamhiarratais de ghnáth:

- ainm agus seoladh an iarratasóra ionchasaigh, mar aon le huimhreacha teileafóin teagmhála agus seoladh ríomhphoist, má tá siad ar fáil,
- ainm agus seoladh phríomhghníomhaire an iarratasóra ionchasaigh, más ann, mar aon le huimhreacha teileafóin teagmhála agus seoladh ríomhphoist, má tá siad ar fáil,
- tuairisc ghinearálta ar chineál agus scála na forbartha beartaithe, lena n-áirítear líníochtaí, i gcás ina bhfuil siad sin ar fáil,
- seoladh na forbartha beartaithe, agus tuairisc ghairid ar an láithreán agus ar an limistéar mórthimpeall,
- Léarscáil nó léarscáileanna de shuíomh an láithreáin agus léarscáil nó léarscáileanna den láithreán lena léirítear teorainneacha an láithreáin,
- I gcás inar gá, ráiteas faoi leas dlíthiúil an iarratasóra ionchasaigh chun é nó í a chumasú an fhorbairt bheartaithe a dhéanamh, más rud é go gceadófar í,
- an aicme forbartha laistigh den 7ú Sceideal faoina dtagann an fhorbairt bheartaithe,
- ainm an údaráis pleanála nó na n-údarás pleanála, má tá níos mó ná ceann amháin ann, ar ina limistéar feidhme nó ina limistéir feidhme atá an láithreán suite,
- ráiteas ina mínítear cén fáth a measann nó nach measann an t-iarratasóir ionchasach gur cheart a mheas gur forbairt bonneagair straitéisigh í an fhorbairt bheartaithe, ag féachaint do na critéir atá leagtha amach in alt 37A(2) d'Acht 2000 (arna leasú),

Nóta: níor cheart faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a thíolacadh le linn comhairliúcháin réamhiarratais, toisc go mbeidh an fhaisnéis ar fad atá ar chomhad ar fáil lena hiniúchadh ag an bpobal ag deireadh chéim an chomhairliúcháin. Ba cheart d'iarratasóirí ionchasacha a thabhairt faoi deara freisin gur cheart an fhorbairt bheartaithe a bheith sách aibí chun dul isteach i gcéim an chomhairliúcháin réamhiarratais. Tagann moill mhíchuí ar an bpróiseas nuair a théitear i dteagmháil leis an gCoimisiún maidir le forbairt bheartaithe nach bhfuil sainithe nó bunaithe i gceart.

## Ginearálta

I gcás ina n-eiseoidh an Coimisiún fógra chuig iarratasóir ionchasach á rá go meastar gur forbairt bonneagair straitéisigh í forbairt bheartaithe (tráth dheireadh Chéim 1), ní fhéadfar iarratas ar chead i scríbhinn don fhorbairt bheartaithe sin a dhéanamh ach amháin chuig an gCoimisiún, agus ní mór Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta a bheith ag gabháil leis an iarratas. Tá foirm iarratais ar fáil agus ba cheart í a

chomhlánú agus a thíolacadh in éineacht leis na doiciméid iarratais. (Ní inghlactha faoi láthair atá iarratais leictreonacha). Más rud é go measfaidh an Coimisiún go bhfuil an t-iarratas nó an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta neamhleor nó neamhiomlán, féadfaidh sé diúltú déileáil leis an iarratas nó féadfaidh sé tuilleadh faisnéise a éileamh.

## Fógra faoi Iarratas

Sula ndéanfar iarratas chuig an gCoimisiún, ní mór d'iarratasóir ionchasach fógra a fhoilsiú i nuachtán amháin nó níos mó a scaiptear sa limistéar is ábhar don iarratas agus an méid seo a leanas á lua:-

- cineál agus suíomh na forbartha beartaithe,
- tá cead á lorg ón gCoimisiún, agus ullmhaíodh Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta, agus Ráiteas Tionchair Natura, i gcás inarb iomchuí,
- na hamanna agus na háiteanna ag a bhféadfar an t-iarratas agus an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta/an Ráiteas Tionchair Natura a iniúchadh nó a cheannach agus an tréimhse (nach lú ná sé seachtaine) ar lena linn a fhéadfar déanamh amhlaidh (ba cheart don tréimhse ama sin tosú cúig lá oibre ar a laghad tar éis an t-iarratas a thíolacadh don Choimisiún),
- féadfar aighneachtaí a dhéanamh chuig an gCoimisiún agus tuairimí a thabhairt dó maidir leis na himpleachtaí do phleanáil chuí agus forbairt inchothaithe an limistéir agus maidir leis na héifeachtaí ar dóigh dóibh a bheith ann ar an gcomhshaol nó ar aon láithreán Eorpach, más rud é go ndéanfar an fhorbairt,
- ceanglaítear leis na Rialacháin go luafar in aon aighneacht nó in aon tuairim den sórt sin ábhar na haighneachta nó na tuairime agus na cúiseanna, na cúinsí agus na hargóintí ar a bhfuil an aighneacht nó an tuairim bunaithe ina hiomláine. (Féach Airteagal 217 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt),
- is faoi lánrogha an Choimisiúin atá sé a chinneadh cé acu a sheolfar nó nach seolfar éisteacht ó bhéal ar an gcás. (Chun tuilleadh mionsonraí a fháil, féach Forbairt Bonneagair Straitéisigh ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin),
- léiriú ar na cineálacha cinntí a fhéadfaidh an Coimisiún a dhéanamh maidir leis an iarratas,
- i gcás ina gceanglófar ar an togra ceadúnas um chosc agus rialú comhtháite ar thruailliú nó ceadúnas dramhaíola a bheith aige, nó i gcás ina mbeidh feidhm ag Rialacháin an Achta Ceimiceán, léiriú ar an méid sin,
- ainm/seoladh an tsuímh Gréasáin neamhspleách, agus
- conas a fhéadfaidh duine bailíocht aon chinnidh ón gCoimisiún a cheistiú, agus cén áit ar féidir faisnéis phraiticiúil a fháil faoin sásra athbhreithniúcháin.

Ina theannta sin, is féidir gur gá fógraí láithreáin a fhoilsiú, na meáin áitiúla nó náisiúnta a úsáid nó cruinnithe poiblí a reáchtáil a bhaineann leis an iarratas beartaithe. Beidh a chuid ceanglas ina leith sin, más ann, sonraithe ag an gCoimisiún ag céim an réamhiarratais.

Tá fógra poiblí samplach ar fáil ón gCoimisiún.

## Iarratas a Dhéanamh - Na Doiciméid atá le Tíolacadh

Agus iarratas ar chead á dhéanamh aige nó aici, ceanglaítear ar an iarratasóir na nithe seo a leanas a thíolacadh don Choimisiún i scríbhinn:-

- Foirm iarratais chomhlánaithe,
- Cóipeanna de phleananna agus sonraí na forbartha beartaithe, lena n-áirítear an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta, agus d'aon phleananna, sonraí nó faisnéis eile a éileoidh an Coimisiún (soiléireofar an líon cóipeanna agus a bhformáid le linn chéim an chomhairliúcháin réamhiarratais),
- Tuairim scagtha i ndáil le hAirteagal 6 den Treoir um Ghnáthóga, agus Ráiteas Tionchair Natura, i gcásanna iomchuí. (Soiléireofar an líon cóipeanna agus a bhformáid le linn chéim an chomhairliúcháin réamhiarratais).
- Cóip den fhógra foilsithe nó de na fógraí foilsithe, lena n-áirítear aon fhógra láithreáin (más gá),
- Liosta de na comhlachtaí ar tugadh fógra dóibh faoin iarratas, agus léiriú ar an dáta a tugadh fógra dóibh,
- Liosta d'aon fhógraí poiblí eile nó d'aon chomhairliúcháin phoiblí eile, agus léiriú ar dháta nó dátaí an fhógra nó na bhfógraí nó na gcomhairliúchán sin (lena n-áirítear aon fhógra nó aon chomhairliúchán a éileoidh an Coimisiún agus a cuireadh in iúl don iarratasóir ionchasach le linn pléití réamhiarratais),
- Beidh an táille iarratais iníoctha nuair a bheidh an t-iarratas á thaisceadh.

Ní mór doiciméid iarratais, lena n-áirítear an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus an Ráiteas Tionchair Natura, i gcás inarb iomchuí, a bheith cuimsitheach agus iomlán tráth thaisceadh an iarratais. Níor cheart a bheith ag súil go huathoibríoch leis go seolfar éisteacht ó bhéal i ngach cás, agus níor cheart féachaint uirthi mar chéim sa phróiseas ina mbeifear in ann easnaimh a cheartú. Tarraingítear aird ar an gcumhacht atá ag an gCoimisiún faoi alt 37E(2) diúltú déileáil le haon iarratas i gcás ina measfaidh an Coimisiún go bhfuil an t-iarratas nó an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta neamhleor nó neamhiomlán, mar aon leis an lánrogha atá ag an gCoimisiún a chinneadh cé acu ba cheart nó nár cheart éisteacht ó bhéal a sheoladh in aon chás ar leith. Tríd is tríd, níor cheart faisnéis bhreise gan iarraidh i bhfoirm ábhar suirbhé ná i bhfoirm tuarascálacha a thíolacadh tar éis an t-iarratas a thaisceadh, agus is féidir go seolfar iad ar ais chuig an iarratasóir. Ba cheart aon fhaisnéis gan iarraidh a thaisctear in imthosca eisceachtúla a theorannú do nithe neamhchonspóideacha, amhail sonraí a tíolacadh cheana féin a shoiléiriú (de réir na dTreoirlínte um Bainistíocht Forbartha 2007). Tá feidhm aige sin freisin i gcás ina n-iarrfaidh an Coimisiún ar an iarratasóir freagra a thabhairt ar thuairimí a tugadh roimh éisteacht ó bhéal.

# An Coimisiún um Rialáil Fóntais:

**Commission for Regulation of Utilities:**

**Treoirnótaí: Iarratas a Dhéanamh ar Cheadúnas chun Leictreachas a Ghiniúint**

Páipéar Faisnéise:

Dáta Foilsithe: Meán Fómhair 2022

**Clár Ábhar**

1. Réamhrá
2. Cén Uair Ba Cheart Dom Iarratas a Dhéanamh?
3. Táille Iarratais
4. Formáid Taiscthe
5. Bailíocht an Iarratais
6. Cá Fhad a Thógfaidh sé chun m'Iarratas a Bhreithniú?
7. An Measúnú ó CRU, agus an tEolas is Deireanaí a Thabhairt don Iarratasóir
8. Próiseas Cinnteoireachta CRU
9. Iarratais Neamhghníomhacha
10. Téarmaí agus Coinníollacha an Cheadúnais Giniúna
11. Rúndacht na Faisnéise a Tíolacadh
12. Tuilleadh Faisnéise faoi Mhargadh Leictreachais na hÉireann

## 1. Réamhrá

Tá na treoirnótaí seo ceaptha chun cabhrú le hiarratasóirí iarratas a dhéanamh ar Cheadúnas chun Leictreachas a Ghiniúint. Ba cheart iad a léamh i gcomhar leis an bhfoirm iarratais ón gCoimisiún um Rialáil Fóntais (CRU) is infheidhme maidir leis an tionscadal.

### 1.1 Cúlra Reachtach

Leis an Acht um Rialáil Leictreachais, 1999, arna leasú (an tAcht), tugtar do CRU na cumhachtaí riachtanacha chun giniúint, dáileadh, tarchur agus soláthar leictreachais in Éirinn a cheadúnú agus a rialáil. Ceann de na feidhmeanna atá ag CRU faoin Acht is ea Ceadúnais chun Leictreachas a Ghiniúint (Ceadúnais) a dheonú nó a dhiúltú tar éis measúnú a dhéanamh ar iarratas gaolmhar.

Ní mór do gach gineadóir leictreachais Ceadúnas a bheith acu faoin Acht. Is cion é leictreachas a ghiniúint gan Ceadúnas a fháil ó CRU ar dtús. Ar é nó í a chiontú, dlífear fíneáil nach mó ná €1,904, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur ar dhuine.

Eisíonn CRU údaruithe chun stáisiúin ghiniúna a fhoirgniú nó a athfhoirgniú (Údaruithe) freisin, agus tá Treoirnótaí Údarúcháin ar leith ar fáil ag www.cru.ie. Tá foirmeacha iarratais déacha agus aonair ar fáil d’Údaruithe agus do Cheadúnais araon.

#### 1.1.1 Comhlíonadh Comhshaoil

Le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (AE) (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011,[1] arna leasú (na Rialacháin), cuirtear chun feidhme an Treoir ó AE um Ghnáthóga (92/43/CEE) agus an Treoir ó AE um Éin (2009/147/CE). Ceanglaítear le Rialachán 42(1) de na Rialacháin go ndéanfaí scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí ar “thionscadal”, mar atá mínithe sna Rialacháin sin, i gcás ina bhfaighidh údarás poiblí iarratas ar thoiliú ina leith.
I gcás ina mbeidh tionscadal de chineál a gceanglaítear toiliú forbartha de réir bhrí na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), a bheith aige freisin, ní bheidh feidhm ag na hoibleagáidí atá ar CRU faoi Rialachán 42 agus ní dhéanfaidh CRU aon scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí ar an tionscadal sin. Beidh sé sin amhlaidh i gcás fhormhór na dtionscadal agus, mar sin, tá na ceanglais maidir le hiarratas a dhéanamh ar Cheadúnas atá leagtha amach sa doiciméad seo ina léiriú ar an gcás sin.

Mar sin féin, i gcás tionscadail neamhghnácha nach gceanglófar orthu cead pleanála ná toiliú forbartha a bheith acu, is féidir go gceanglófar ar CRU scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí a dhéanamh agus, más cuí, Measúnacht Chuí a dhéanamh ar an tionscadal. Is ar bhonn cás ar chás a chinnfear é sin. Má cheapann tú gur tionscadal ‘neamhghnách’ é do thionscadal, iarr cruinniú réamhthíolactha chun na ceanglais tíolactha atá ort a phlé leis an bhFoireann Ceadúnúcháin trí ríomhphost a sheoladh chuig licensing@cru.ie.

### 1.2 Díolúine do Stáisiúin Ghiniúna nach mó a dtoilleadh ná 1 MW

Más rud é nach mó ná 1 MW an toilleadh suiteáilte atá ag stáisiún giniúna beartaithe, tá iarratasóirí díolmhaithe ón ngá atá le hiarratas ar Cheadúnas a dhéanamh chuig CRU. Tá stáisiúin ghiniúna den sórt sin ceadúnaithe de bhun I.R. Uimh. 460 de 2022[2].

---

[1] I.R. Uimh. 477 de 2011

[2] I.R. Uimh. 460 de 2022 – An tOrdú fán Acht um Rialáil Leictreachais, 1999 (Alt 14 (1A)), 2022

### 1.3 Stáisiúin Ghiniúna nach mó a dtoilleadh ná 10 MW

Más rud é nach mó ná 10 MW an toilleadh suiteáilte atá ag stáisiún giniúna beartaithe, ba cheart d'iarratasóirí an fhoirm "Fógra maidir le Rún chun Stáisiún Giniúna nach mó a dtoilleadh ná 10 MW a Fhoirgniú nó a Athfhoirgniú agus/nó chun Leictreachas a Ghiniúint uaidh" a chomhlánú. Tar éis admháil a fháil ó CRU á rá go bhfuarthas fógra atá comhlánaithe i gceart, is de bhun I.R. Uimh. 460 de 2022 a cheadúnófar an stáisiún giniúna. Tá feidhm fós ag na táillí atá liostaithe i rannán 3 den treoirnóta seo, agus ní mór cruthúnas íocaíochta a sholáthar tráth an fhógra.

## 2. Cén Uair Ba Cheart Dom Iarratas a Dhéanamh?

Níor cheart d'iarratasóirí iarratas a dhéanamh ach amháin nuair atá acu an fhaisnéis ar fad a theastaíonn ó CRU, mar atá leagtha amach sa Treoir seo agus sna foirmeacha iarratais. Féach Rannán 6 maidir leis na hamlínte measúnaithe le haghaidh athiarratas.

I gcás nach dtaiscfear iarratas comhpháirteach ar Údarú agus ar Cheadúnas, ní mór d'iarratasóirí Údarú ó CRU a bheith acu sula dtíolacfaidh siad a n-iarratas ar Cheadúnas.

### 2.1 Cruinnithe Réamhthíolactha

Moltar d'iarratasóirí nua nó d'iarratasóirí a bhfuil iarratais núíosacha nó chasta acu leas a bhaint as cruinniú réamhthíolactha le CRU. Ag an gcruinniú sin, leagfaidh CRU an próiseas iarratais agus measúnaithe amach, agus tabharfaidh sé freagra ar aon cheisteanna atá ag an iarratasóir tar éis dó nó di na treoirnótaí agus na foirmeacha iarratais a léamh. Ionas nach dtaiscfear iarratas neamhbhailí, moltar d'iarratasóirí nua teagmháil a dhéanamh le CRU, trí ríomhphost a sheoladh chuig licensing@cru.ie, chun cruinniú réamhthíolactha a iarraidh.

Ina theannta sin, tá leagan teimpléadach de sheiceáil iomláine CRU tugtha in Aguisín I chun cabhrú le hiarratasóirí iarratais bhailí a fhorbairt. Iarrtar ar an iarratasóir tuairisc ghairid a thabhairt ar an bhforbairt san fhoirm iarratais freisin, agus is féidir an rannán sin den fhoirm a úsáid chun aird a tharraingt ar aon ghnéithe atá núíosach nó casta.

## 3. Táille Iarratais

Ní mór an táille iarratais a íoc tráth thaisceadh an iarratais/an fhógra. Ní ghlacfar le híocaíocht ach amháin trí Ríomhaistriú Airgid. Tá mionsonraí bainc CRU mar a leanas:

IBAN: IE91AIBK93208677400043; BIC:

AIBKIE2D

Tá na táillí iarratais bandáilte de réir thoilleadh suiteáilte an stáisiúin giniúna bheartaithe. Tá na táillí leagtha amach thíos.

| Toilleadh Suiteáilte | € |
|---|---|
| 1 MW go <5 MW | 35 |
| 5 MW go <15 MW | 55 |
| 15 MW go <40 MW | 100 |
| 40 MW go <50 MW | 200 |
| 50 MW go <100 MW | 400 |
| 100 MW go <200 MW | 1,330 |
| 200 MW go <500 MW | 3,320 |
| 500 MW nó níos mó | 3,980 |

Is é atá i gceist le toilleadh suiteáilte ná gnáth-thoilleadh lánualaigh an aonaid giniúna ina mheigeavatanna (MW) (nó suim ghnáth-thoilleadh lánualaigh na n-aonad giniúna uile a bhaineann leis an iarratas ina mheigeavatanna), mar atá luaite ar ainmchlár an aonaid giniúna. Chun amhras a sheachaint, áireofar leis an toilleadh suiteáilte na meigeavatanna a d'úsáid gléasra cúnta an aonaid giniúna ar tháinig a sholáthar go díreach ó chríochfoirt an aonaid giniúna agus ualach eile láithreáin ar tháinig a sholáthar go díreach ón aonad giniúna nó ó na haonaid ghiniúna sular nascadh an t-aonad giniúna nó na haonaid ghiniúna leis an gcóras tarchurtha agus/nó leis an gcóras dáileacháin.

## 4. Formáid Taiscthe

Is ar fáil in Aguisín I atá 'Seiceáil Iomláine' ina liostaítear na doiciméid uile ba cheart d'iarratasóirí a chur leis an bhfoirm iarratais chomhlánaithe. Tá mionsonraí faoi na doiciméid riachtanacha sin tugtha san fhoirm iarratais freisin.

Is féidir go n-éileoidh CRU deimhniú nó soiléiriú breise i scríbhinn maidir le haon ghné de d'iarratas. I gcás ina n-iarrfar é sin, féadfar an fhaisnéis a thíolacadh i bhfoirm litreach atá sínithe ag an iarratasóir, ag a oifigeach údaraithe nó ag a hoifigeach údaraithe nó ag cibé duine eile atá údaraithe go cuí chun gníomhú thar ceann an iarratasóra.

Cinntigh go ndéanfaidh tú do dhoiciméadacht iarratais a uimhriú agus a ainmniú ar aon dul leis an doiciméad Seiceála Iomláine, e.g., ceangail aighneachtaí pleanála mar a leanas: '4. Faisnéis Pleanála'. Más rud é nach ndéanfaidh tú amhlaidh, nó go dtaiscfidh tú doiciméid bhreise nár iarradh, seolfar na doiciméid sin ar ais chugat agus tiocfaidh moill ar an measúnú ar d'iarratas dá dheasca sin.

Ba cheart an doiciméadacht ar fad a sheoladh go leictreonach chuig licensing@cru.ie. Ní gá aon chruachóipeanna a thaisceadh. Ba cheart comhaid atá rómhór lena dtíolacadh tríd an ríomhphost a sholáthar trí bhogearraí comhroinnt comhad.

## 5. Bailíocht an Iarratais

D'fhorbair CRU foirmeacha iarratais agus treoirdhoiciméid chun cabhrú le hiarratasóirí iarratas bailí a fhorbairt. Tá na foirmeacha iarratais agus na treoirdhoiciméid iomchuí ar fáil ag www.cru.ie.

Tá leagan teimpléadach de sheiceáil iomláine CRU tugtha in Aguisín I chun cabhrú le hiarratasóirí iarratais bhailí a fhorbairt.

Tar éis iarratas a fháil, déanfaidh foireann measúnaithe CRU Seiceáil Iomláine chun a dheimhniú go bhfuil an t-iarratas bailí. Más rud é go bhfaighidh CRU iarratas neamhbhailí, i.e., doiciméadacht atá ar iarraidh nó foirm iarratais atá neamhiomlán, cuirfidh sé in iúl don iarratasóir go bhfuil a iarratas nó a hiarratas neamhiomlán agus nach bpróiseálfar é. Soláthrófar liosta scríofa de na rannáin atá neamhiomlán, chun tacú leis an iarratasóir iarratas bailí nua a fhorbairt.

Ba cheart d’iarratasóirí a thabhairt faoi deara go dtarlóidh sé, i gcás ina nuashonróidh siad a n-iarratas le linn an mheasúnaithe, go gcuirfear moill ar phróiseas measúnaithe CRU agus gur féidir go mbeidh sé riachtanach athmheasúnú iomlán a dhéanamh. Is féidir go ndéanfar iarratas neamhbhailí den iarratas bunaidh agus go mbeidh sé riachtanach iarratas nua a thíolacadh dá dheasca sin freisin. Is ar bhonn cás ar chás a dhéanfar an cinneadh chun iarratas nua a éileamh nó chun measúnú a atosú, agus is faoi lánrogha CRU a bheidh an cinneadh sin

## 6. Cá Fhad a Thógfaidh sé chun m’Iarratas a Bhreithniú?

Féachann CRU leis na hamlínte measúnaithe iarratais seo a leanas a chomhlíonadh i gcás Ceadúnais do stáisiúin ghiniúna ar mó a dtoilleadh ná 10 MW agus ar lú a dtoilleadh ná 40 MW:

| Céimeanna measúnaithe | Amlíne |
|---|---|
| A admháil go bhfuarthas an t-iarratas | Laistigh de sheachtain amháin ón iarratas a fháil |
| Seiceáil Iomláine | Laistigh de dhá sheachtain ón iarratas a fháil |
| Measúnú | Sé seachtaine ar a mhéad |
| Próiseas cinnteoireachta deiridh CRU | Trí seachtaine tar éis an measúnú a chríochnú |

Féachann CRU leis na hamlínte measúnaithe iarratais seo a leanas a chomhlíonadh i gcás Ceadúnais do stáisiúin ghiniúna nach lú a dtoilleadh ná 40 MW agus i gcás ceadúnais dhéacha:

| Céimeanna measúnaithe | Amlíne |
|---|---|
| A admháil go bhfuarthas an t-iarratas | Laistigh de sheachtain amháin ón iarratas a fháil |
| Seiceáil Iomláine | Laistigh de dhá sheachtain ón iarratas a fháil |
| Measúnú | Deich seachtaine ar a mhéad |
| Próiseas cinnteoireachta deiridh CRU | Trí seachtaine tar éis an measúnú a chríochnú |

Beidh an amlíne measúnaithe ag brath ar amanna freagartha an iarratasóra ar iarrataí ar Fhaisnéis Bhreise. Tabhair faoi deara gur i gcomhréir leis na hamlínte measúnaithe thuasluaite, agus leo sin amháin, a thabharfar freagra ar iarrataí ar an eolas is deireanaí ar dhul chun cinn an mheasúnaithe iarratais.

I gcás inar eisíodh Ceadúnas chun Leictreachas a Ghiniúint chuig iarratasóir le déanaí ach inar mian leis nó léi athruithe a dhéanamh ina dhiaidh sin, tabhair faoi deara go mbeidh sé riachtanach, i bhformhór na gcásanna, athiarratas iomlán a dhéanamh. Is é sé mhí ar a laghad an amlíne ghaolmhar measúnaithe le haghaidh athiarratais den sórt sin. Chun cás den sórt sin a sheachaint, moltar d'iarratasóirí fanacht go dtí go mbeidh an fhaisnéis riachtanach ar fad tugtha i gcrích sula ndéanfaidh siad aon aighneachtaí chuig CRU. Tacóidh sé sin le measúnú tráthúil a dhéanamh ar iarratais i gcás gach iarratasóra.

## 7. An Measúnú ó CRU, agus an tEolas is Deireanaí a Thabhairt don Iarratasóir

Tar éis don iarratas dul tríd an tSeiceáil Iomláine, cuirfear in iúl don iarratasóir go bhfuil tús curtha go foirmiúil leis an measúnú. Sannfar uimhir thagartha iarratais ó CRU don mheasúnú, agus ba cheart an uimhir sin a úsáid i ngach comhfhreagras le CRU.

Cumhdófar na disciplíní seo a leanas sa mheasúnú:

(a) Nithe Riaracháin;

(b) Nithe Teicniúla;

(c) Nithe Comhshaoil; agus

(d) Nithe Airgeadais.

Chun iarratasóirí a choinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn an mheasúnaithe, eiseoidh CRU Tuarascálacha coicísiúla ar Dhul Chun Cinn an Mheasúnaithe ar feadh thréimhse an mheasúnaithe. Tá leagan teimpléadach de Thuarascáil ar Dhul Chun Cinn an Mheasúnaithe tugtha in Aguisín II.

I gcás ina dteastóidh ó iarratasóir faisnéis nach bhfuil sa Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn an Mheasúnaithe, féadfaidh an t-iarratasóir iarraidh ar fhaisnéis a thíolacadh do CRU trí ríomhphost a sheoladh chuig licensing@cru.ie. Tabharfar freagra ar an iarraidh sin sa chéad Tuarascáil eile ar Dhul Chun Cinn an Mheasúnaithe.

Le linn an mheasúnaithe, is féidir go gceanglóidh CRU ar an iarratasóir faisnéis bhreise a sholáthar chun tacú lena iarratas nó lena hiarratas, nó faisnéis a tíolacadh cheana féin a shoiléiriú. Eiseofar na hiarrataí sin laistigh den Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn an Mheasúnaithe.

I gcás ina dtiocfaidh nithe chun cinn a bhféadfadh diúltú d'iarratas a bheith mar thoradh orthu, cuirfear an méid sin in iúl don iarratasóir a luaithe is féidir chun am a thabhairt dó nó di an ní a réiteach, i gcás inar féidir agus inarb iomchuí, trí fhaisnéis bhreise a thíolacadh.

## 8. Próiseas Cinnteoireachta CRU

Más rud é go gcinnfidh CRU gur cheart Ceadúnas a dheonú, eiseofar cóip bhog agus cóip chrua den Cheadúnas sínithe chuig an iarratasóir.

Más rud é go gcinnfidh CRU diúltú d'iarratas ar Cheadúnas, cuirfear na cúiseanna leis an diúltú in iúl don iarratasóir i scríbhinn agus cuirfear ar an eolas é nó í faoin bpróiseas achomhairc de réir Chuid IV, ailt 29 go 32, den Acht. Tabhair faoi deara nach bhfuil an próiseas achomhairc mar chuid de nós imeachta CRU.

Agus Ceadúnas á dheonú aige, níl pleananna an stáisiúin giniúna á bhformhuiniú ag CRU, agus ní féidir brath air sin mar léiriú ar an rath tráchtála is dócha a bheidh ar shealbhóir an Cheadúnais.

## 9. Iarratais Neamhghníomhacha

I gcás nach mbeidh aon teagmháil ábhartha ná aon fhreagra ar iarraidh ar fhaisnéis bhreise faighte ag CRU ón iarratasóir le tréimhse dhá mhí, cuirfidh CRU in iúl don iarratasóir go gcuirfear eisiúint na dTuarascálacha ar Dhul Chun Cinn an Mheasúnaithe ar feitheamh go dtí go mbeidh freagra cuí nó faisnéis chuí tugtha ag an iarratasóir.

I gcás nach mbeidh aon teagmháil ábhartha ná aon fhreagra ar iarraidh ar fhaisnéis bhreise faighte ag CRU ón iarratasóir le tréimhse ceithre mhí, scríobhfaidh CRU chuig an iarratasóir chun a chur in iúl dó nó di go meastar a iarratas nó a hiarratas a bheith éagtha. Más mian leis an iarratasóir athiarratas a dhéanamh ina dhiaidh sin, ní mór dó nó di foirm iarratais nua agus an doiciméadacht ghaolmhar a thíolacadh.

## 10. Téarmaí agus Coinníollacha an Cheadúnais Giniúna

Beidh Ceadúnas bailí ar feadh 30 bliain ar a laghad, faoi réir téarmaí agus coinníollacha an Cheadúnais a bheith á gcomhlíonadh ag sealbhóir an Cheadúnais. Áirítear leis an tréimhse 30 bliain sin téarma tosaigh 15 bliana agus an fhéidearthacht atá ann go n-eiseodh CRU fógra 15 bliana faoi fhoirceannadh an Cheadúnais.

Féadfaidh CRU Ceadúnas a chúlghairm más rud é go mainneoidh an sealbhóir na téarmaí agus coinníollacha a chomhlíonadh. Tá téarmaí cúlghairme an Cheadúnais mionsonraithe i Sceideal 2 a ghabhann leis an gCeadúnas. Is féidir mionsonraí faoi théarmaí agus coinníollacha eile a ghabhann le Ceadúnas giniúna a fháil sa Cheadúnas.

## 11. Rúndacht na Faisnéise a Tíolacadh

Féadfaidh faisnéis a sholáthraítear i bhfoirm iarratais agus i ndoiciméid tacaíochta a bheith faoi réir alt 13 (Toirmeasc ar nochtadh neamhúdaraithe faisnéise) den Acht. Mar sin féin, tá an fhaisnéis a shealbhaímid faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol), 2007 go 2014 (na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol), freisin. Tá mionsonraí faoin bhfaisnéis a fhoilseoimid ar fáil ar shuíomh Gréasáin CRU. Maidir le haon fhaisnéis a mheasann siad a bheith íogair ó thaobh na tráchtála de nó a bheith rúnda, ba cheart d’iarratasóirí a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis sin lipéadaithe go soiléir dá réir sin.

## 12. Tuilleadh Faisnéise faoi Mhargadh Leictreachais na hÉireann

Tá roinnt suíomhanna Gréasáin ann ónar féidir le hiarratasóirí faisnéis a fháil faoi fhorbairtí i margadh leictreachais na hÉireann, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- CRU: Faisnéis Rialála: www.cru.ie
- SEMO: Faisnéis faoin Margadh: www.sem-o.com
- EirGrid: Nithe a Bhaineann le Naisc: www.eirgrid.com
- Líonraí Gáis Éireann: Nithe a Bhaineann le Naisc: www.gasnetworks.ie
- Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann: Fuinneamh Inmharthana: www.seai.ie

- An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide: RESS – Scéim Tacaíochta Fuinnimh In-athnuaite: https://www.gov.ie/en/organisation/department-of-the-environment-climate-and-communications/

**Nóta**

Ionas go bhféadfaidh siad trádáil sa mhargadh, cuirtear in iúl do gach iarratasóir gur gá dóibh aontú leis an gCód Trádála agus Socraíochta, mar aon leis na Ceadúnais is gá ó CRU a bheith acu. Ní mór iarratais ar rochtain ar an margadh a dhéanamh chuig an Oibritheoir Margaidh Leictreachais Aonair a luaithe a bheidh na Ceadúnais iomchuí ó CRU eisithe. Chun rochtain thráthúil ar an margadh a éascú, ba cheart iarratais a dhéanamh a luaithe is féidir. Déan teagmháil le foireann Clárúcháin Margaidh an Oibritheora Margaidh Leictreachais Aonair trí ríomhphost a sheoladh chuig balancingmarketregistration@sem-o.com nó trí ghlao a chur ar 1800 778111 chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin bpróiseas sin.

## Aguisín I: Seicliostaí Iarratais

## CEADÚNAS GINIÚNA DO STÁISIÚIN GHINIÚNA NACH MÓ A dTOILLEADH NÁ 40 MW

## SEICEÁIL IOMLÁINE CRU

**Doiciméadacht Tacaíochta a Thíolacadh**

Cinntigh go ndéanfaidh tú do dhoiciméadacht iarratais a uimhriú agus a ainmniú ar aon dul lena bhfuil thíos, e.g., ceangail aighneachtaí pleanála mar a leanas: '4. Faisnéis Pleanála'. Más rud é nach ndéanfaidh tú amhlaidh, nó go dtaiscfidh tú doiciméid bhreise nár iarradh, seolfar na doiciméid sin ar ais chugat agus tiocfaidh moill ar an measúnú ar d'iarratas dá dheasca sin.

**Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a bheith ar áireamh i ngach iarratas:**

1. Foirm Iarratais

☐ Foirm iarratais chomhlánaithe, agus í sínithe.

2. Táille Iarratais

☐ Cruthúnas á léiriú gur íocadh an táille iarratais.

3. Faisnéis Airgeadais

I gcás ina ndearnadh an fhaisnéis atá iarrtha thíos a sholáthar do CRU cheana féin mar chuid de d'iarratas ar Údarú chun Stáisiún Giniúna a Fhoirgniú, ní gá an fhaisnéis sin a athchur isteach anseo. Déan tagairt don aighneacht roimhe chun críocha crostagartha laistigh den mheasúnú iarratais seo.

☐ Cóip den litir thairisceana ón scéim tacaíochta don stáisiún giniúna beartaithe, agus an litir sin sínithe agus dátaithe.

**I gcás iarratasóirí nach bhfuil tairiscint RESS acu:**

☐ Fianaise ar mhaoiniú. I gcás ina mbeidh an tionscadal á chistiú ar bhonn inmheánach, is inghlactha a bheidh cruthúnas ar na cistí atá ar fáil ó chláir chomhardaithe. I gcás maoiniú tríú páirtí, is inghlactha a bheidh litir ghealltanais ó institiúid airgeadais nó, i gcás ina mbeidh maoiniú á sholáthar ag scairshealbhóirí, is inghlactha a bheidh na doiciméid conartha tacaíochta.

4. Faisnéis Pleanála

☐ Deimhniú i scríbhinn á rá gur bailí go fóill atá an fhaisnéis maidir le cead pleanála a soláthraíodh don Údarú gaolmhar chun Stáisiún Giniúna a Fhoirgniú.

5. Comhaontú um Nasc

☐ Deimhniú i scríbhinn á rá gur bailí go fóill atá an fhaisnéis maidir le comhaontú um nasc a soláthraíodh don Údarú gaolmhar chun Stáisiún Giniúna a Fhoirgniú.

6. Faisnéis Theicniúil

☐ Próifíl cuideachta, ina léirítear cáilíochtaí agus taithí an duine nó na cuideachta a oibreoidh an stáisiún giniúna beartaithe. Ní mór don iarratasóir a chinntiú go bhfuil ainm an Oibritheora atá tugtha ar an bhfoirm iarratais ag teacht leis an ainm atá tugtha ar an bpróifíl cuideachta a tíolacadh.

Féadfar faisnéis bhreise a iarraidh tráth ar bith sa phróiseas measúnaithe.

## Aguisín I: Seicliostaí Iarratais

## CEADÚNAS GINIÚNA DO STÁISIÚIN GHINIÚNA NACH LÚ A dTOILLEADH NÁ 40 MW

## SEICEÁIL IOMLÁINE CRU

**Doiciméadacht Tacaíochta a Thíolacadh**

Cinntigh go ndéanfaidh tú do dhoiciméadacht iarratais a uimhriú agus a ainmniú ar aon dul lena bhfuil thíos, e.g., ceangail aighneachtaí pleanála mar a leanas: '4. Faisnéis Pleanála'. Más rud é nach ndéanfaidh tú amhlaidh, nó go dtaiscfidh tú doiciméid bhreise nár iarradh, seolfar na doiciméid sin ar ais chugat agus tiocfaidh moill ar an measúnú ar d'iarratas dá dheasca sin.

**Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a bheith ar áireamh i ngach iarratas:**

1. Foirm Iarratais

- ☐ Foirm iarratais chomhlánaithe, agus í sínithe.

2. Táille Iarratais

- ☐ Cruthúnas á léiriú gur íocadh an táille iarratais.

3. Faisnéis Airgeadais

- ☐ Cóip den litir thairisceana ón scéim tacaíochta don stáisiún giniúna beartaithe, agus an litir sin sínithe agus dátaithe.

**I gcás iarratasóirí nach bhfuil tairiscint RESS acu:**

I gcás ina ndearnadh an fhaisnéis atá iarrtha thíos a sholáthar do CRU cheana féin mar chuid de d'iarratas ar Údarú chun Stáisiún Giniúna a Fhoirgniú, ní gá an fhaisnéis sin a athchur isteach anseo. Déan tagairt don aighneacht roimhe chun críocha crostagartha laistigh den mheasúnú iarratais seo.

- ☐ Fianaise ar mhaoiniú. I gcás ina mbeidh an tionscadal á chistiú ar bhonn inmheánach, is inghlactha a bheidh cruthúnas ar na cistí atá ar fáil ó chláir chomhardaithe. I gcás maoiniú tríú páirtí, is inghlactha a bheidh litir ghealltanais ó institiúid airgeadais nó, i gcás ina mbeidh maoiniú á sholáthar ag scairshealbhóirí, is inghlactha a bheidh na doiciméid conartha tacaíochta.
- ☐ Ráitis cuntas don dá bhliain dheireanacha ar choinnigh an t-iarratasóir iad i leith gnóthais iomchuí ar sheol an t-iarratasóir iad, ina léirítear staid airgeadais an ghnóthais agus a bhrabús nó a chaillteanas, i dteannta cóipeanna de na cuntais iniúchta is déanaí.

- ☐ Más rud é go mbeidh níos mó ná trí mhí dulta thart ó dheireadh na bliana cuntasaíochta lena mbaineann na cuntais a tíolacadh, deimhniú ón iarratasóir á lua nár tharla aon athrú díobhálach ábhartha ó shin i leith.
- ☐ I gcás inar feithicil shainchuspóireach é nó í an t-iarratasóir, ráiteas cuntas agus ráthaíochtaí don mháthairchuideachta iomchuí.
- ☐ Ráiteas imlíneach maidir leis na tograí do ghnó an iarratasóra lena mbaineann an t-iarratas, don chéad chúig bliana eile, lena n-áirítear;
  - ☐ Réamhaisnéisí bliantúla maidir le costais, díolacháin agus ioncaim agus maoiniú tionscadail, agus na toimhdí atá taobh thiar de na figiúirí atá tugtha á lua
  - ☐ Mionsonraí faoi aon eis-sreabhadh caipitil ionchais suntasach ina dhiaidh sin, lena n-áirítear mórchostais díchoimisiúnúcháin
  - ☐ Meastacháin ar ghlansreabhadh airgid bliantúil do thréimhsí ina dhiaidh sin, ar meastacháin iad atá dóthanach chun slándáil airgeadais agus indéantacht an tionscadail nó na dtionscadal lena mbaineann an t-iarratas a léiriú

4. Faisnéis Pleanála

- ☐ Deimhniú i scríbhinn á rá gur bailí go fóill atá an fhaisnéis maidir le cead pleanála a soláthraíodh don Údarú gaolmhar chun Stáisiún Giniúna a Fhoirgniú.

5. Comhaontú um Nasc

- ☐ Deimhniú i scríbhinn á rá gur bailí go fóill atá an fhaisnéis maidir le comhaontú um nasc a soláthraíodh don Údarú gaolmhar chun Stáisiún Giniúna a Fhoirgniú.

6. Faisnéis Theicniúil

- ☐ Próifíl cuideachta, ina léirítear cáilíochtaí agus taithí an duine nó na cuideachta a oibreoidh an stáisiún giniúna beartaithe. Ní mór don iarratasóir a chinntiú go bhfuil ainm an Oibritheora atá tugtha ar an bhfoirm iarratais ag teacht leis an ainm atá tugtha ar an bpróifíl cuideachta a tíolacadh.

Féadfar faisnéis bhreise a iarraidh tráth ar bith sa phróiseas measúnaithe.

## Aguisín II: TUARASCÁIL AR DHUL CHUN CINN AN MHEASÚNAITHE TUARASCÁIL AR DHUL CHUN CINN AN MHEASÚNAITHE [DÁTA]

**UIMHIR THAGARTHA IARRATAIS Ó CRU:**

**AINM AN STÁISIÚIN GINIÚNA:**

**DÁTA A FUARTHAS:**

**TUARASCÁLACHA AR DHUL CHUN CINN AN RÉIMSE MEASÚNAITHE**

| Réimse Measúnaithe | An tEolas is Deireanaí ar Dhul Chun Cinn | Iarraidh ar Fhaisnéis Bhreise |
|---|---|---|
| **Nithe Riaracháin** | e.g., Críochnaithe/ Ar siúl/ Ar feitheamh go dtí go bhfaighfear freagra ar iarraidh ar fhaisnéis bhreise | |
| **Nithe Teicniúla** | e.g., Ar feitheamh | Fanacht le freagra ar iarraidh ar fhaisnéis bhreise a rinneadh an [DÁTA] |
| **Nithe Comhshaoil** | e.g., Críochnaithe | |
| **Nithe Airgeadais** | e.g., Ar siúl | |

| Cineál fiosraithe | Dáta a fuarthas | Freagra |
|---|---|---|
| e.g., fiosrú glórphoist, fiosrú ríomhphoist | [dáta] | Is tríd an tuarascáil choicísiúil ar dhul chun cinn a thabharfaidh CRU freagra ar gach fiosrú scríofa nó glórphoist. |

Ní mór d'iarratasóirí freagraí ar iarrataí ar Fhaisnéis Bhreise a sheoladh chuig licensing@cru.ie. Ní mór d'iarratasóirí an uimhir thagartha iarratais ó CRU a chur isteach i líne an ábhair ar gach comhfhreagras ríomhphoist.

- Is féidir go gcuirfear moill ar an amlíne measúnaithe fhoriomlán mar thoradh ar aon mhoill ar fhreagra a thabhairt ar iarraidh ar Fhaisnéis Bhreise.
- I gcás nach mbeidh aon teagmháil ná aon fhreagra ar iarraidh ar fhaisnéis bhreise faighte ag CRU ón iarratasóir le tréimhse trí mhí, cuirfear eisiúint na dTuarascálacha ar Dhul Chun Cinn an Mheasúnaithe ar feitheamh go dtí go mbeidh freagra cuí tugtha.
- I gcás nach mbeidh aon teagmháil ná aon fhreagra ar iarraidh ar fhaisnéis bhreise faighte ag CRU ón iarratasóir le tréimhse sé mhí, measfar an t-iarratas a bheith éagtha.

# Treoir maidir leis an Acht Ceimiceán

**Na Rialacháin um an Acht Ceimiceán (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gCeist), 2015 (I.R. Uimh. 209 de 2015)**

**Sa Treoir, tugtar forbhreathnú neamh-uileghabhálach ardleibhéil ar na Rialacháin um an Acht Ceimiceán (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gCeist), 2015.**

**Ní léiriú dlíthiúil ar na Rialacháin í an Treoir**

## Clár Ábhar

**Cúlra**
**Réamhrá**
**Cur i bhfeidhm**
**Treoir maidir leis na Rialacháin**

- **Cuid 1 – Réamhráiteach agus Ginearálta**
  - Rialachán 1: Lua
  - Rialachán 2: Léiriú
  - Rialachán 3: Cur i bhfeidhm
  - Rialachán 4: Bunú na n-údarás inniúil
  - Rialachán 5: Tosach feidhme
  - Rialachán 6: Leasuithe

- **Cuid 2 – Dualgais Ghinearálta**
  - Rialachán 7: Dualgais ghinearálta oibritheoirí
  - Rialachán 8: Fógra
  - Rialachán 9: Éifeachtaí na ndúradán

- **Cuid 3 – An Beartas um Mórthionóiscí a Chosc agus Tuarascáil Sábháilteachta**
  - Rialachán 10: An Beartas um Mórthionóiscí a Chosc
  - Rialachán 11: Tuarascáil Sábháilteachta
  - Rialachán 12: Suiteáil, bunaíocht nó saoráid stórála a mhodhnú

- **Cuid 4 – Pleananna Éigeandála do Bhunaíochtaí Uas-Sraithe**
  - Rialachán 13: Cuspóirí pleananna éigeandála
  - Rialachán 14: Pleananna éigeandála a chur chun feidhme
  - Rialachán 15: Pleananna inmheánacha éigeandála
  - Rialachán 16: Pleananna seachtracha éigeandála
  - Rialachán 17: Pleananna seachtracha éigeandála a athbhreithniú, a thástáil agus a thuairisciú

- **Cuid 5 – Mórthionóiscí a Thuairisciú**
  - Rialachán 18: Faisnéis atá le soláthar ag an oibritheoir agus na gníomhartha atá le déanamh tar éis mórthionóisce
  - Rialachán 19: Gníomhaíocht atá le déanamh ag an Údarás Inniúil Lárnach tar éis mórthionóisce
  - Rialachán 20: Teagmhas infhógartha

- **Cuid 6 – Forfheidhmiú agus Rialáil**
  - Rialachán 21: Feidhmeanna an Údaráis Inniúil Lárnaigh
  - Rialachán 22: Cigireachtaí agus Imscrúduithe
  - Rialachán 23: Cigirí

- **Cuid 7 – Pleanáil Úsáide Talún**
  - Rialachán 24: Comhairle theicniúil maidir le pleanáil úsáide talún

- **Cuid 8 – Faisnéis agus Rúndacht**
  - Rialachán 25: Faisnéis a sholáthar don phobal
  - Rialachán 26: Rochtain ar fhaisnéis agus rúndacht

- **Cuid 9 – Muirir i leith seirbhísí**
    - Rialachán 27: Muirir i leith Seirbhísí

- **Cuid 10 – Cionta**
    - Rialachán 28: Rialacháin atá faoi réir forálacha pionósacha
    - Rialachán 29: Cionta, ionchúiseamh agus pionóis

**Sceidil a ghabhann leis na Rialacháin**

- **Sceideal 1**: Cur i bhfeidhm na Rialachán
- **Sceideal 2**: Faisnéis faoin gcóras bainistíochta sábháilteachta agus faoi eagrú na bunaíochta d'fhonn mórthionóiscí dá dtagraítear i Rialachán 10 agus Rialachán 11 a chosc
- **Sceideal 3**: Sonraí agus faisnéis íosta atá le cur san áireamh sa tuarascáil sábháilteachta dá dtagraítear i Rialachán 11
- **Sceideal 4**: Sonraí agus faisnéis atá le cur ar áireamh sna pleananna éigeandála dá dtagraítear i Rialachán 13
- **Sceideal 5**: Míreanna faisnéise don phobal dá bhforáiltear i Rialachán 25
- **Sceideal 6**: Critéir le haghaidh fógra a thabhairt don Choimisiún Eorpach faoi mhórthionóisc dá bhforáiltear i Rialachán 19(2)
- **Sceideal 7**: Critéir le haghaidh an teagmhais infhógartha dá dtagraítear i Rialachán 20

## Cúlra

Is bagairt mhór ar dhaoine agus ar an gcomhshaol iad mórthionóiscí tionsclaíocha ina bhfuil substaintí contúirteacha i gceist; is féidir le tionóiscí den sórt sin a bheith mar chúis le díobháil thromchúiseach do shláinte an duine nó le damáiste tromchúiseach don chomhshaol, ar láthair na tionóisce agus lasmuigh di araon. San Eoraip, ba mar gheall ar thionóisc thubaisteach a tharla in Seveso, baile san Iodáil, sa bhliain 1976 a glacadh reachtaíocht maidir le cosc agus rialú tionóiscí den sórt sin.

Leasaíodh Treoir 82/501/CEE, dá ngairtear Treoir Seveso, ina dhiaidh sin i bhfianaise na gceachtanna a foghlaimíodh ó thionóiscí a tharla tráth níos déanaí, rud a raibh Treoir Seveso II (Treoir 96/82/CE) mar thoradh air.

Sa bhliain 2012, glacadh Treoir Seveso III (Treoir 2012/18/AE) agus aird á tabhairt, i measc tosca eile, ar na hathruithe i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh maidir le haicmiú ceimiceán agus ar na cearta méadaithe don phobal chun faisnéis agus ceartas a rochtain.

## Réamhrá

Leis na Rialacháin um an Acht Ceimiceán (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gCeist), 2015 ("Rialacháin COMAH"), cuirtear Treoir Seveso III (Treoir 2012/18/AE) chun feidhme. Is é cuspóir Rialacháin COMAH rialacha a leagan síos chun cosc a chur ar mhórthionóiscí ina bhfuil substaintí contúirteacha i gceist, agus féachaint le hiarmhairtí na dtionóiscí sin do shláinte an duine agus don chomhshaol a theorannú a mhéid is féidir, agus é mar chuspóir foriomlán leo ardleibhéal cosanta a sholáthar ar bhealach comhsheasmhach éifeachtach.

Is é an rún an méid sin a bhaint amach trí rialuithe cisealta ar oibritheoirí na mbunaíochtaí atá faoi réir na Rialachán: dá mhéad cainníochtaí na substaintí contúirteacha atá i láthair i mbunaíocht is ea is tromchúisí a bheidh na dualgais ar an oibritheoir.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gCeist), 2006, agus Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gCeist) (Leasú), 2013, lenar cuireadh Treoir Seveso II (Treoir 96/82/CE) chun feidhme, cúlghaireadh iad le I.R. Uimh. 208 de 2015 agus cuireadh I.R. Uimh. 209 de 2015 ina n-ionad.

## Cur i bhfeidhm

Tá feidhm ag Rialacháin COMAH maidir le haon bhunaíocht a bhfuil guais mhórthionóisce inti toisc gur ann do shubstaintí contúirteacha i gcainníochtaí is mó ná tairseacha sonraithe. Sonraítear na substaintí contúirteacha agus na cainníochtaí tairsí i Sceideal 1 a ghabhann leis na Rialacháin.

Faoi Rialacháin COMAH, aicmítear substaintí contúirteacha trí úsáid a bhaint as Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le substaintí agus meascáin a aicmiú, a lipéadú agus a phacáistiú ("Rialachán CLP"). Le Rialachán CLP, glactar an Córas Comhchuibhithe Domhanda um Cheimiceáin a Aicmiú agus a Lipéadú ó na Náisiúin Aontaithe (CCD NA) ar fud gach tíre san Aontas Eorpach, Éire san áireamh.

Le CCS, soláthraítear bunús le haghaidh faisnéis faoi ghuaiseacha a chur in iúl ar bhealach aonfhoirmeach, agus an ceann is fearr á fháil ar cheanglais éagsúla um aicmiú agus lipéadú faisnéise do na ceimiceáin chéanna ar fud an domhain.

Leasaítear Rialachán CLP ó am go ham i gcomhréir le forbairtí teicniúla agus eolaíocha. Gairtear ‘Oiriúnuithe don Dul Chun Cinn Teicniúil,’ nó ‘ATPanna’ ar na leasuithe sin, agus foilsítear iad ar bhonn bliantúil ar a laghad de ghnáth. Dá bhrí sin, áireofar i gcónaí le haon tagairt do CLP i Rialacháin COMAH an t-oiriúnú is déanaí don dul chun cinn teicniúil.

## Treoir maidir leis na Rialacháin

### Cuid 1 – Réamhráiteach agus Ginearálta

***Rialachán 1: Lua***

Na Rialacháin um an Acht Ceimiceán (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gCeist), 2015, I.R. Uimh. 209 de 2015, is teideal do na Rialacháin.

***Rialachán 2: Léiriú***

Leis an Rialachán seo, léirítear agus mínítear na téarmaí a úsáidtear i Rialacháin COMAH. Tá formhór na mínithe trasuite go díreach ó Threoir Seveso III, a bhfuil cuid díobh sa bhreis ar na cinn a cuireadh ar áireamh i dTreoir Seveso II.

Cuireadh roinnt mínithe ó Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gCeist), 2006, ar áireamh freisin, agus cuireadh roinnt mínithe atá nua go hiomlán leis.

Cuireadh roinnt mínithe nua tábhachtacha leis. Ina measc sin:

- Bunaíocht íos-sraithe
- Bunaíocht uas-sraithe
- Bunaíocht atá ann cheana
- Bunaíocht eile
- An pobal
- Fad comhairliúcháin
- Cigireacht
- An pobal

Ba cheart duit a thabhairt faoi deara freisin go bhfolaíonn aon tagairt sna Rialacháin do dhoiciméad a chur isteach "i scríbhinn" scríbhinn a chuirtear in iúl nó a choimeádtar i bhfoirm leictreonach agus is féidir a phriontáil.

***Rialachán 3: Cur i bhfeidhm***

Leagtar síos sna Rialacháin rialacha chun cosc a chur ar mhórthionóiscí ina bhfuil substaintí contúirteacha i gceist, agus iarmhairtí na mórthionóiscí sin do shláinte an duine agus don chomhshaol a theorannú, d'fhonn ardleibhéal cosanta a sholáthar ar bhealach comhsheasmhach éifeachtach.

Níl feidhm ag Rialacháin COMAH maidir leis na nithe seo a leanas:

**A.** aon mhaoin atá á háitiú ag Óglaigh na hÉireann agus aon talamh nó áitreabh dá dtagraítear in alt 268(1) den Acht Cosanta, 1954 (Uimh. 18 de 1954);
**B.** guaiseacha a chruthaítear le radaíocht ianúcháin a thagann ó shubstaintí;
**C.** iompar substaintí contúirteacha agus stóráil shealadach idirmheánach atá bainteach go díreach de bhóthar, d'iarnród, d'uiscebhealaí inmheánacha, ar muir nó san aer lasmuigh de bhunaíochtaí a mhínítear i Rialachán 2(1), lena n-áirítear luchtú agus díluchtú agus iompar chuig modh eile iompair agus ó mhodh eile iompair ag dugaí, ag céanna nó ag clóis eagraithe;

**D.** iompar substaintí contúirteacha i bpíblínte, lena n-áirítear stáisiúin chaidéalúcháin, lasmuigh de bhunaíochtaí a mhínítear i Rialachán 2(1);
**E.** saothrú, eadhon taiscéaladh, eastóscadh agus próiseáil mianraí i mianaigh agus i gcairéil, lena n-áirítear trí thollphollta;
**F.** taiscéaladh agus saothrú mianraí, lena n-áirítear hidreacarbóin, amach ón gcósta;
**G.** stóráil gáis ag láithreáin faoi thalamh amach ón gcósta, lena n-áirítear láithreáin thiomnaithe stórála agus láithreáin ina ndéantar taiscéaladh agus saothrú mianraí, lena n-áirítear hidreacarbóin;
**H.** láithreáin líonta talún dramhaíola, lena n-áirítear stóráil dramhaíola faoi thalamh.

Is iad seo a leanas na hathruithe eile atá le tabhairt faoi deara:

I. tá an téarma "bainteach go díreach" nua i mír (c) thuas,
II. Is díolúine atá nua ar fad é Rialachán 3(3)(g) – pointe (g) thuas,
III. Tá athrú tagtha ar Rialachán 3(3)(h) ó cheanglais Threoir Seveso II – pointe (h), thuas,
IV. cuireadh soiléirithe breise leis na díolúintí atá ar áireamh i Rialachán 3(3)(e) agus (h) agus i Rialachán 3(4).

Níl feidhm ag na rialacháin maidir le stóráil gáis ag láithreáin faoi thalamh amach ón gcósta mar a mhínítear i bpointe (g) thuas agus níl feidhm acu ach oiread maidir le stóráil dramhaíola faoi thalamh mar a leagtar amach i bpointe (h) thuas.

Mar sin féin, is amhlaidh atá feidhm ag na Rialacháin maidir le stóráil gáis faoi thalamh ar talamh i strataim nádúrtha, in uiscígh, i gcuasa salainn agus i mianaigh thréigthe agus in oibríochtaí próiseála ceimicí agus teirmí agus i stóráil (ina bhfuil substaintí contúirteacha i gceist) atá bainteach leis na hoibríochtaí sin (Rialachán 3(4)).

***Rialachán 4: Bunú na n-údarás inniúil***

Leis an Rialachán seo, cumhdaítear ainmniú údarás inniúil ag na hAirí cuí.

Sainaithnítear an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta anseo mar an tÚdarás Inniúil Lárnach (úsáidtear an téarma "CCA" go forleathan sa treoir seo chun tagairt d'Údarás Inniúil Lárnach), agus leagtar amach a ról comhordúcháin i mír (1)(a).

Sonraítear freisin an nós imeachta chun na húdaráis inniúla áitiúla a ainmniú (úsáidtear an téarma "LCAnna" go forleathan sa treoir seo chun tagairt d'údarás inniúil áitiúil), arb údaráis iad atá freagrach as gnéithe an phlean sheachtraigh éigeandála.

Leanfaidh ainmniúcháin a bhí i bhfeidhm faoi Rialacháin 2006 d'éifeacht a bheith acu faoi na Rialacháin nua.

***Rialachán 5: Tosach feidhme***

Is é an 1 Meitheamh 2015 an dáta tosach feidhme do na Rialacháin.

***Rialachán 6: Leasuithe***

Leagtar amach anseo leasuithe ar an Acht Ceimiceán de thoradh chur chun feidhme na Rialachán seo, lena n-áirítear an CCA a ainmniú mar údarás náisiúnta faoin Acht Ceimiceán, chun críocha Threoir Seveso III.

Ina theannta sin, nuashonraíodh an míniú ar "ceimiceán" faoi alt 2 den Acht chun tagairt do Threoir Seveso III a áireamh.

**Cuid 2 – Dualgais Ghinearálta**

***Rialachán 7: Dualgais ghinearálta oibritheoirí***

Leagtar amach i Rialachán 7 na dualgais a fhorchuirtear ar gach oibritheoir: tá feidhm aige maidir le hoibritheoirí gach bunaíochta agus níl aon idirdhealú ann idir oibritheoirí bunaíochtaí uas-sraithe agus oibritheoirí bunaíochtaí íos-sraithe.

Faoin Rialachán seo, tá oibleagáid ar oibritheoir[3] gach beart is gá a dhéanamh chun mórthionóiscí a chosc agus a n-iarmhairtí do shláinte an duine agus don chomhshaol araon a theorannú agus cloí leis na Rialacháin.

Ceanglaítear ar oibritheoir an cúnamh ar fad is gá a thabhairt don údarás inniúil iomchuí chun a chur ar chumas an údaráis sin aon fheidhm faoi na Rialacháin a chomhlíonadh, lena n-áirítear cigireachtaí agus imscrúduithe arna ndéanamh ag an CCA.
Ní mór don oibritheoir cúnamh a thabhairt don údarás inniúil freisin chun measúnú iomlán a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh mórthionóisc agus raon feidhme aon mhéadaithe ar an dóchúlacht sin agus ar sholáthar faisnéise a dhéanamh amach chun an plean seachtrach éigeandála a ullmhú.

Ní mór d'oibritheoir fianaise chuí (lena n-áirítear doiciméadacht) a sholáthar arna iarraidh sin don CCA chun a léiriú:

- gur sainaithníodh na guaiseacha mórthionóiscí don bhunaíocht, agus
- go ndearnadh gach beart is gá chun mórthionóiscí a chosc agus chun a n-iarmhairtí do shláinte an duine[4] agus don chomhshaol a theorannú.

Ní mór d'oibritheoir a bheith in ann a chruthú go ndearnadh gach beart is gá chun a oibleagáidí faoi na Rialacháin a chomhlíonadh. Leantar ar aghaidh i mír (2) den Rialachán seo le samplaí níos sonraí a thabhairt dá bhfolaítear le "gach beart is gá".

***Rialachán 8: Fógra***

Ceanglaítear ar gach oibritheoir fógra a chur faoi bhráid an Údaráis Inniúil Lárnaigh. Ní mór an fhaisnéis a shonraítear i mír (1) den Rialachán seo a bheith ar áireamh san fhógra:

A. ainm agus, más éagsúil, ainm trádála, an oibritheora agus seoladh iomlán na bunaíochta lena mbaineann;
B. áit ghnó chláraithe an oibritheora, agus an seoladh iomlán;
C. ainm agus post an duine atá i gceannas na bunaíochta, más éagsúil le fomhír (a);
D. faisnéis is leor chun gach ceann de na substaintí contúirteacha agus de na catagóirí substaintí atá i gceist nó ar dóigh dóibh a bheith i láthair a shainaithint;
E. cainníocht agus riocht fisiciúil na substainte contúirtí nó na substaintí contúirteacha lena mbaineann;

[3] Tá an míniú ar 'oibritheoir' i Rialachán 2(1).
[4] Tagraítear i Rialacháin COMAH anois do "sláinte an duine agus an comhshaol" seachas do "daoine agus an comhshaol".

F. gníomhaíocht nó gníomhaíocht bheartaithe na suiteála nó na saoráide stórála;
G. garthimpeallacht na bunaíochta, agus tosca ar dóigh dóibh mórthionóisc a chruthú nó iarmhairtí mórthionóisce a dhéanamh níos measa, lena n-áirítear, i gcás gur ann dóibh, mionsonraí faoi bhunaíochtaí comharsanacha, faoi láithreáin nach dtagann faoi raon feidhme na Rialachán seo, faoi limistéir agus faoi fhorbairtí a d'fhéadfadh a bheith ina bhfoinse mórthionóisce agus éifeachtaí dúradán de réir bhrí Rialachán 9(1) nó a d'fhéadfadh baol nó iarmhairtí aon mhórthionóisce nó aon éifeachtaí dúradán den sórt sin a mhéadú.

Leagtar amach sa tábla seo na teorainneacha ama le haghaidh an fógra a sheoladh chuig an Údarás Inniúil Lárnach:

| Cineál Bunaíochta | Amlíne le haghaidh Fógra a Chur Isteach |
|---|---|
| Nua | Tráth nach déanaí ná trí mhí roimh thús na tógála nó na hoibríochta nó an mhodhnaithe (Rialachán 8(2)(a)) |
| Eile | Bliain amháin ón dáta a thiocfaidh Rialacháin COMAH i bhfeidhm maidir leis an mbunaíocht (Rialachán 8(2)(b)) |
| Atá Ann Cheana | Faoin 1 Meitheamh 2016 (Rialachán 8(2)(b)) |
| Nuashonrú | Gach cúig bliana agus roimh aon mhodhnú (Rialachán 8(2)(c)) |
| Socruithe Idirthréimhseacha do Bhunaíochtaí Atá Ann Cheana | Má chomhlíonann an fhaisnéis san fhógra atá ann cheana ceanglais na Rialachán seo[5], ní bheidh aon cheanglas ann fógra nua a chur isteach go dtí go mbeidh an gnáth-nuashonrú fógra cúig bliana dlite (Rialachán 8(3)). |

Beidh sé de cheanglas ar oibritheoir fógra a thabhairt don Údarás Inniúil Lárnach i scríbhinn freisin roimh cheann ar bith díobh seo a leanas:

- aon mhéadú nó laghdú suntasach ar chainníocht nó athrú suntasach ar chineál nó riocht fisiciúil na substaintí contúirteacha atá i láthair, ón méid dá bhforáiltear san fhógra dá dtagraítear thuas, nó athrú suntasach ar na próisis ina n-úsáidtear na substaintí contúirteacha sin;
- modhnú ar bhunaíocht nó ar shuiteáil a bhféadfadh go mbeadh iarmhairtí suntasacha aige ó thaobh guaiseacha mórthionóiscí de;
- dúnadh buan na bunaíochta nó díchoimisiúnú na bunaíochta;
- athruithe ar ainm agus/nó ainm trádála an oibritheora agus ar sheoladh iomlán na bunaíochta nó na háite gnó cláraithe, nó ar ainm nó post an duine atá i gceannas.

Cuirfidh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta foirm fógra leictreonach in-íoslódáilte lena shuíomh Gréasáin. Ní ghlacfaidh an CCA ach amháin le fógraí a thugtar trí úsáid a bhaint as an bhfoirm sin.

Bainfear úsáid as an bhfoirm freisin chun bailiú a dhéanamh ar an bhfaisnéis:

- atá le soláthar don phobal (mar a cheanglaítear le Rialachán 25), agus
- le haghaidh comhairle theicniúil maidir le pleanáil úsáide talún a fhorbairt (mar a cheanglaítear le Rialachán 24).

[5] Tá an CCA den tuairim nach dóigh go mbeidh sé sin amhlaidh sa chuid is mó de chásanna.

***Rialachán 9: Éifeachtaí na ndúradán***

Is é is “grúpa éifeachtaí na ndúradán” ann ná grúpaí bunaíochtaí ina bhféadfadh an baol nó na hiarmhairtí a bhaineann le mórthionóisc a bheith níos mó mar gheall ar shuíomh geografach na mbunaíochtaí sin agus a bhfardal substaintí contúirteacha agus a ngaireacht dá chéile. Tugtar “éifeachtaí na ndúradán” ar na héifeachtaí sin.

Tá feidhm ag an Rialachán maidir le bunaíochtaí uas-sraithe agus le bunaíochtaí íos-sraithe araon, agus d’fhéadfadh grúpa éifeachtaí na ndúradán a bheith comhdhéanta de mheascán de láithreáin uas-sraithe agus de láithreáin íos-sraithe nó d’fhéadfadh sé a bheith comhdhéanta de láithreáin uas-sraithe go hiomlán nó de láithreáin íos-sraithe go hiomlán.

Sainaithníonn an CCA grúpaí éifeachtaí na ndúradán ón bhfaisnéis atá san fhógra agus sa tuarascáil sábháilteachta nó trí fhaisnéis a fhaightear ó chigireacht.

Nuair a chuireann an CCA an t-oibritheoir bunaíochta ar an eolas gur sainaithníodh an bhunaíocht a bheith mar chuid de ghrúpa éifeachtaí na ndúradán, ní mór don oibritheoir comhoibriú leis an oibritheoir/na hoibritheoirí eile laistigh de ghrúpa éifeachtaí na ndúradán agus faisnéis a sholáthar dóibh.

Leis an malartú faisnéise sin, cuirfear ar chumas oibritheoirí ghrúpa éifeachtaí na ndúradán measúnú a dhéanamh ar chineál agus méid na guaise foriomláine a bhaineann le mórthionóisc a eascraíonn as an ngrúpa. Is féidir leo ansin é sin a chur san áireamh ina mBeartais um Mórthionóiscí a Chosc (MAPPanna), ina dtuarascálacha sábháilteachta, ina bpleananna éigeandála agus mar sin de.

Ceanglaítear ar oibritheoirí bunaíochtaí uas-sraithe laistigh de ghrúpa éifeachtaí na ndúradán comhoibriú lena chéile chun an pobal a chur ar an eolas (mar a cheanglaítear faoi Rialachán 25) agus na húdaráis inniúla áitiúla a chur ar an eolas le haghaidh pleananna seachtracha éigeandála a ullmhú (faoi Rialachán 16).

Ba cheart do gach bunaíocht, beag beann ar a sraith, comhoibriú chun láithreáin chomharsanacha eile nach dtagann faoi raon feidhme na Rialachán a chur ar an eolas.

**Cuid 3 – An Beartas um Mórthionóiscí a Chosc agus Tuarascáil Sábháilteachta**

***Rialachán 10: An Beartas um Mórthionóiscí a Chosc***

Ceanglaítear ar gach oibritheoir (i gcás bunaíochtaí uas-sraithe agus bunaíochtaí íos-sraithe araon) doiciméad beartais um mórthionóiscí a chosc a ullmhú (úsáidtear an téarma "MAPP" go forleathan sa treoir seo chun tagairt do bheartas um mórthionóiscí a chosc) agus é a chur faoi bhráid an CCA. Cuireann bunaíochtaí uas-sraithe an MAPP uathu ar áireamh sa tuarascáil sábháilteachta.

Ní mór an MAPP a athbhreithniú, agus é a nuashonrú nuair is gá, gach cúig bliana ar a laghad agus ní mór an nuashonrú a chur isteach chuig an CCA gan moill mhíchuí.

Maidir leis an mbeartas:

- ní mór é a bheith deartha chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a chinntiú;
- ní mór aidhmeanna agus prionsabail fhoriomlána ghníomhaíochta an oibritheora agus gealltanas chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a chinntiú a bheith ar áireamh ann;
- ní mór ról agus freagracht an lucht bainistíochta a bheith ar áireamh ann chun cur chun feidhme ceart an bheartais a chinntiú;
- ní mór gealltanas chun rialú guaiseacha mórthionóiscí a fheabhsú go leanúnach a bheith ar áireamh ann;
- ní mór na prionsabail a shonraítear i Sceideal 2 a ghabhann leis na Rialacháin a chur san áireamh ann

Ní mór don oibritheoir an beartas a chur chun feidhme i gceart trí mhodhanna, struchtúir agus córas bainistíochta sábháilteachta cuí (nó trí mhodhanna, struchtúir agus córais bhainistíochta chuí eile i gcás bunaíocht íos-sraithe), i gcomhréir leis an dara Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin. Ba cheart iad sin a bheith comhréireach leis na guaiseacha mórthionóiscí agus le castacht na heagraíochta nó le castacht ghníomhaíochtaí na bunaíochta.

Neartaíodh an rannán de Sceideal 2 maidir le 'faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht' agus áirítear leis anois ceanglas cinnte le haghaidh táscairí feidhmíochta.

Leagtar amach sa tábla thíos na teorainneacha ama maidir le MAPP a ullmhú agus a chur faoi bhráid an CCA:

| Cineál Bunaíochta | Amlíne le haghaidh MAPP a Chur Isteach |
|---|---|
| Nua | Tráth nach déanaí ná mí amháin roimh an dáta a thiocfaidh Rialacháin COMAH i bhfeidhm (Rialachán 10(6)(a)) |
| Eile | Bliain amháin ón dáta a thiocfaidh Rialacháin COMAH i bhfeidhm (Rialachán 10(6)(b)) |
| Atá Ann Cheana | Roimh an 1 Meitheamh 2016 (Rialachán 10(4)) |
| Athbhreithniú agus Nuashonrú | Roimh aon mhodhnú agus gach cúig bliana (Rialachán 10(2)) |
| Socruithe Idirthréimhseacha do Bhunaíochtaí Atá Ann Cheana | Más rud é go gcomhlíonann an MAPP a ullmhaíodh faoi Rialacháin 2006 ceanglais Rialacháin COMAH, 2015, go hiomlán, is féidir é a chur isteach roimh an 1 Meitheamh 2016 (Rialachán 10(5)) |

***Rialachán 11: Tuarascáil Sábháilteachta***

Níl feidhm ag an Rialachán seo ach amháin maidir le hoibritheoirí bunaíochtaí uas-sraithe. Tríd is tríd, níor tháinig aon athrú ar cheanglais na Rialachán maidir le tuarascálacha sábháilteachta, ach tá amlínte nua tábhachtacha ann le comhlíonadh, a bhfuil sé mar aidhm leo a chinntiú go gcuirfear an measúnú ar an tuarascáil sábháilteachta i gcrích laistigh de thréimhse réasúnach ama. (Ba cheart duit Rialachán 21 a cheadú freisin, áit a bpléitear feidhmeanna an CCA chuige sin).

Ceanglaítear ar an oibritheoir tuarascáil sábháilteachta a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Údaráis Inniúil Lárnaigh, i scríbhinn, chun na gcríoch a leagtar amach i mír (1) den Rialachán seo.

Ceanglaítear cóip chrua amháin den tuarascáil sábháilteachta mar aon le leagan leictreonach atá iomlán agus atá éasca le cuardach.

Ceanglaítear ar a laghad na sonraí agus an fhaisnéis a shonraítear i Sceideal 3 a ghabhann leis na Rialacháin, mar aon le hainm(neacha) na n-eagraíochtaí iomchuí a bhí páirteach i dtarraingt suas na tuarascála, a bheith sa tuarascáil sábháilteachta.

Leagtar amach sa tábla seo na teorainneacha ama le haghaidh an tuarascáil sábháilteachta a sheoladh chuig an CCA:

| Cineál Bunaíochta | Amlíne le haghaidh MAPP a Chur Isteach |
|---|---|
| Nua | Tráth nach déanaí ná ceithre mhí roimh thús na tógála, na hoibríochta nó an mhodhnaithe (Rialachán 11(3)(a)). |
| Eile | Dhá bhliain ón dáta a thiocfaidh Rialacháin COMAH i bhfeidhm (Rialachán 11(3)). |
| Bunaíochtaí Atá Ann Cheana | Ba cheart don oibritheoir nuashonrú a chur isteach faoin 1 Meitheamh 2016 (atá le meas mar nuashonrú seachas athbhreithniú cúig bliana, agus beidh feidhm ag an dáta athbhreithnithe cúig bliana bunaidh a tugadh faoi Rialacháin 2006) (Rialachán 11(3)(b)). |
| Athbhreithniú agus Nuashonrú | Gach cúig bliana nó tar éis mórthionóisce nó ag aon am eile i gcás gur gá (Rialachán 11(7) agus (8)) |
| Socruithe Idirthréimhseach a do Bhunaíochtaí Atá Ann Cheana | Má chomhlíonann an tuarascáil sábháilteachta a cuireadh isteach faoi Rialacháin 2006 ceanglais Rialacháin COMAH, 2015, ní gá nuashonrú a sheoladh chuig an CCA agus beidh feidhm ag an dáta athbhreithnithe cúig bliana bunaidh (a tugadh faoi Rialacháin 2006) (Rialacháin 11(4)). |

Ní féidir le hoibritheoir bunaíochta nua tosú ar thógáil ná ar oibriú ná modhnuithe a chur chun feidhme a bheadh mar chúis le hathrú ar an bhfardal substaintí contúirteacha a chuirfeadh faoi deara go dtiocfadh sí chun bheith ina bunaíocht uas-sraithe, go dtí go mbeidh a chonclúidí agus a chead tugtha ag an Údarás Inniúil Lárnach, tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar an tuarascáil sábháilteachta.

Ceanglaítear leis na Rialacháin ar an CCA a chonclúidí ón scrúdú ar an tuarascáil sábháilteachta a chur in iúl don oibritheoir, nó tuilleadh faisnéise a lorg, laistigh de cheithre mhí ón dáta a chuirtear an tuarascáil sábháilteachta isteach[6]. Ag an am sin, is féidir go

[6] Tá na hamlínte sin i Rialachán 21

n-iarrfar ar an oibritheoir aon fhaisnéis bhreise a theastaíonn ón Údarás Inniúil Lárnach chun an measúnú ar an tuarascáil sábháilteachta a chur i gcrích a sholáthar don Údarás Inniúil Lárnach (Rialachán 21(4)).

Nuair a dhéanann sé amhlaidh, beidh mí amháin ag an oibritheoir ó dháta na hiarrata an fhaisnéis sin a sholáthar, nó féadfaidh an CCA tréimhse níos faide a shonrú i scríbhinn i gcás go measann sé go bhfuil údar maith leis sin (Rialachán 11(5)).

Tar éis an fhaisnéis bhreise a fháil, ní mór don CCA an measúnú a chur i gcrích laistigh de thréimhse réasúnach ama ach, i gcás ar bith, laistigh de dhá mhí eile (féach Rialachán 21(5)).

Tá baint neartaithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil sa phróiseas um an tuarascáil sábháilteachta a mheasúnú agus féadfaidh an CCA dul i gcomhairle léi maidir leis na rioscaí a bhaineann le mórthionóisc don chomhshaol. Laistigh de dhá mhí ón dáta a fhaightear iarraidh den sórt sin, cuirfidh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an CCA ar an eolas faoi na mórthionóiscí iomchuí don chomhshaol agus faoi na modhanna is fearr is féidir chun iad a chosc agus a mhaolú (Rialachán 21(10)).

***Rialachán 12: Suiteáil, bunaíocht nó saoráid stórála a mhodhnú***

Leis an Rialachán seo, cuirtear Airteagal 11 den Treoir chun feidhme agus, dá bhrí sin, tá sé nasctha leis an rialachán maidir le pleanáil úsáide talún (Rialachán 24) agus tá sé nasctha freisin leis an reachtaíocht um pleanáil agus forbairt lena gcuirtear na gnéithe pleanála úsáide talún agus na gnéithe rannpháirtíochta pobail den Treoir chun feidhme.

Is fiú a thabhairt faoi deara anseo gur tháinig athrú ar na modhnuithe nach mór a chur in iúl don CCA roimh ré anois, amhail bunaíocht íos-sraithe ag teacht chun bheith ina bunaíocht uas-sraithe (nó a mhalairt), nó athrú ar riocht fisiciúil na substainte contúirtí.

Ceanglaítear ar an oibritheoir athbhreithniú a dhéanamh, agus nuashonrú a dhéanamh i gcás gur gá, ar na nithe seo a leanas:

- an fógra,
- MAPP agus an córas bainistíochta sábháilteachta, agus
- an tuarascáil sábháilteachta (i gcás bunaíocht uas-sraithe)

roimh na modhnuithe liostaithe.

Ceanglaítear ar an oibritheoir é sin a dhéanamh laistigh d’am leordhóthanach lena gcuirfear ar chumas an CCA a fheidhmeanna faoi Rialachán 24 a chomhlíonadh, arb é atá iontu sa chomhthéacs seo a chinneadh an bhfuil gá le bearta teicniúla breise sular féidir dul ar aghaidh leis an modhnú nó ar cheart é a tharchur chuig an údarás pleanála le haghaidh breithe (féach freisin Rialachán 24).

## Cuid 4 – Pleananna Éigeandála do Bhunaíochtaí Uas-Sraithe

### *Rialachán 13: Cuspóirí pleananna éigeandála*

Tugtar aghaidh sa Rialachán seo ar chuspóirí pleananna éigeandála, nach mbaineann ach amháin le bunaíochtaí uas-sraithe.

An fhaisnéis a shonraítear i Sceideal 4 a ghabhann leis na Rialacháin, ina bhfuil rannáin ar leith ina bpléitear pleananna inmheánacha éigeandála (dualgas oibritheora) agus pleananna seachtracha éigeandála (feidhm údaráis inniúil áitiúil), ní mór í a bheith ar áireamh i bpleananna éigeandála a chruthaítear faoi na Rialacháin seo.

### *Rialachán 14: Pleananna éigeandála a chur chun feidhme*

Ní mór plean éigeandála a chruthaítear faoi na Rialacháin a bheith curtha i bhfeidhm gan mhoill ag an oibritheoir agus, más gá, ag an údarás inniúil áitiúil iomchuí nuair a tharlaíonn mórthionóisc nó má tharlaíonn teagmhas neamhrialaithe a bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach go dtiocfadh mórthionóisc as.

### *Rialachán 15: Pleananna inmheánacha éigeandála*

Ceanglaítear ar oibritheoir bunaíochta uas-sraithe plean inmheánach éigeandála a ullmhú.

Ní mór é a ullmhú i gcomhairle leis na daoine iomchuí atá ag obair laistigh den bhunaíocht agus leis na húdaráis inniúla áitiúla iomchuí, arb é a bheidh iontu de ghnáth seirbhís dóiteáin an údaráis áitiúil, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Garda Síochána agus cibé daoine eile is dóigh leis an oibritheoir a bheith cuí.

Leis an bplean, ba cheart aghaidh a thabhairt ar na bearta atá le déanamh laistigh den bhunaíocht má tharlaíonn teagmhais neamhrialaithe a d’fhéadfadh a bheith mar chúis le mórthionóisc.

Tugtar sa tábla seo na hamlínte le haghaidh Plean Inmheánach Éigeandála a ullmhú:

| **Cineál Bunaíochta** | **Amlíne le haghaidh Plean Inmheánach Éigeandála a Ullmhú** |
|---|---|
| Nua | Tráth nach déanaí ná mí amháin roimh thús na tógála nó na hoibríochta nó na modhnuithe atá mar chúis le hathrú ar an bhfardal substaintí contúirteacha (Rialachán 15(3)(b)). |
| Eile | Bliain amháin[7] ón dáta a thiocfaidh Rialacháin COMAH i bhfeidhm (Rialachán 15(3)(c)). |
| Atá Ann Cheana | Faoin 1 Meitheamh 2016 (Rialacháin 15(3)(a)). |
| Athbhreithniú agus Nuashonrú | Gach trí bliana nó ar bhonn níos minice de réir mar is gá sna himthosca (Rialachán 15(4)). |
| Socruithe Idirthréimhseacha do Bhunaíochtaí Atá Ann Cheana | Má chomhlíonann an plean inmheánach éigeandála faoi Rialacháin 2006 ceanglais Rialacháin COMAH, 2015, beidh feidhm ag an dáta athbhreithnithe trí bliana bunaidh (Rialachán 15(3)(a)). |

Is iad seo a leanas na hamlínte le haghaidh an plean inmheánach éigeandála a thástáil:

| **Cineál Bunaíochta** | **Amlíne le haghaidh an Plean Inmheánach Éigeandála a Thástáil** |
|---|---|
| Gach cineál | Gach trí bliana ar a laghad |
| Socruithe Idirthréimhseacha do Bhunaíochtaí Atá Ann Cheana | Trí bliana ó dháta na trialach deireanaí faoi Rialacháin 2006 (Rialachán 15(5)). |

***Rialachán 16: Pleananna seachtracha éigeandála***

Cuirfidh an tÚdarás Inniúil Lárnach an t-údarás inniúil áitiúil iomchuí ar an eolas faoi bhunaíocht uas-sraithe ina limistéar feidhme (nó a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá limistéar feidhme). Ceanglaítear ar an údarás inniúil áitiúil ansin plean seachtrach éigeandála a ullmhú (úsáidtear an téarma "EEP" go forleathan sa treoir seo chun tagairt do phlean seachtrach éigeandála) don bhunaíocht uas-sraithe sin.

Is féidir leis na húdaráis inniúla áitiúla pleananna seachtracha éigeandála a ullmhú ar leithligh do gach údarás inniúil áitiúil nó is féidir leo an plean a ullmhú i dteannta a chéile.

Ceanglaítear ar oibritheoir na bunaíochta uas-sraithe an fhaisnéis is gá a sholáthar don údarás inniúil áitiúil chun a chur ar a chumas an plean seachtrach éigeandála a ullmhú.

Féadfaidh an CCA a chinneadh (faoi Rialachán 21(9)(a)), tar éis scrúdú a dhéanamh ar an tuarascáil sábháilteachta, nach bhfuil gá le plean seachtrach éigeandála agus, sa chás sin,

[7] Tá an amlíne difriúil leis an amlíne a leagtar amach sa Treoir: tá sé sin amhlaidh chun go mbeidh sí níos gaire do na hamlínte a leagtar amach i Rialacháin COMAH, 2006

cuirfidh sé an t-údarás inniúil áitiúil ar an eolas faoi sin i scríbhinn. Is féidir leis an CCA an díolúine sin a tharraingt siar freisin (Rialachán 21(9)(b)).

Leagtar amach sa tábla seo na hamlínte don oibritheoir le haghaidh faisnéis a sholáthar don údarás inniúil áitiúil:

| Cineál Bunaíochta | Amlíne le haghaidh Faisnéis faoi Phlean Seachtrach Éigeandála a Sholáthar |
|---|---|
| Nua | **Tráth nach déanaí ná** mí amháin roimh thús na hoibríochta nó an mhodhnaithe (Rialachán 16(2)(a)). |
| Eile | Sé mhí ón dáta a thiocfaidh Rialacháin COMAH i bhfeidhm (Rialachán 16(2)(c)). |
| Atá Ann Cheana | Faoin 1 Meitheamh 2016 (Rialachán 16(2)(b)). |
| Socruithe Idirthréimhseacha do Bhunaíochtaí Atá Ann Cheana | Ní gá faisnéis a sholáthar faoin Rialachán seo mura bhfuil aon athrú tagtha ar an bplean a tarraingíodh suas faoi Rialacháin 2006 agus ar an bhfaisnéis ghaolmhar agus má chomhlíonann siad an Rialachán seo agus Rialachán 13 (Rialachán 16(2)(b)). |

Ní mór do na húdaráis inniúla áitiúla iomchuí an plean seachtrach éigeandála a ullmhú do bhunaíochtaí nua agus do bhunaíochtaí eile laistigh de shé mhí ón dáta a fhaightear an fhaisnéis is gá ón oibritheoir ach, i gcás ar bith, tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis an dáta a thug an tÚdarás Inniúil Lárnach fógra dóibh faoin gceanglas.

Ní mór d'údaráis inniúla áitiúla, arna iarraidh sin d'oibritheoir bunaíochta uas-sraithe, aon fhaisnéis iomchuí faoin bplean seachtrach éigeandála a d'fhéadfadh a bheith riachtanach don oibritheoir chun an plean inmheánach éigeandála a tharraingt suas a sholáthar. Tá sé tábhachtach go mbeadh an plean inmheánach éigeandála agus an plean seachtrach éigeandála ag teacht le chéile agus, i gcás gur gá, go gcuirfí an ceann eile san áireamh sa dá cheann.

Ní mór do na húdaráis inniúla áitiúla dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí sonraithe agus aon bharúlacha a fhaightear a chur san áireamh agus an plean seachtrach éigeandála á chruthú, á mhodhnú go substaintiúil nó á athbhreithniú acu.

Ní mór deis luath a thabhairt don phobal freisin barúlacha a chur isteach i leith an dréachtphlean.

Is féidir le húdaráis inniúla áitiúla oifigigh údaraithe a cheapadh chun dul isteach i mbunaíocht laistigh dá limistéar ag gach tráth réasúnach agus a cheangal ar an oibritheoir an fhaisnéis is gá a sholáthar chun go mbeifear in ann an plean seachtrach éigeandála a ullmhú nó a leasú.

Tar éis mórthionóisce, beidh ar údaráis inniúla áitiúla na 'daoine ar dóigh go ndéanfar difear dóibh' (féach Rialachán 25(4)) mar gheall ar an tionóisc a chur ar an eolas faoin tionóisc agus, i gcás gur gá, faoi na bearta atá déanta chun iarmhairtí na tionóisce a mhaolú.

***Rialachán 17: Pleananna seachtracha éigeandála a athbhreithniú, a thástáil agus a thuairisciú***

Caithfear pleananna seachtracha éigeandála a athbhreithniú agus, i gcás gur gá, a nuashonrú chomh minic agus is gá sna himthosca ach, i gcás ar bith, ag eatraimh nach faide ná trí bliana.

Agus plean seachtrach éigeandála á athbhreithniú acu, ní mór do na húdaráis inniúla áitiúla aon athruithe a tharla sa bhunaíocht lena mbaineann an plean nó aon athruithe laistigh de na húdaráis inniúla áitiúla, eolas teicniúil nua agus eolas a bhaineann leis an bhfreagairt do mhórthionóiscí a chur san áireamh.

Ní mór pleananna seachtracha éigeandála a thástáil ag eatramh nach faide ná trí bliana.

Má tá údarás inniúil áitiúil den tuairim go bhfuil gá le comhoibriú ó údarás inniúil áitiúil amháin nó níos mó chun an plean a thástáil go leordhóthanach, is féidir leis an comhoibriú sin a iarraidh i scríbhinn. I gcás go bhfaighidh údarás inniúil áitiúil iarraidh den sórt sin, ní mór dó comhoibriú (Rialachán 17(4)).

I gcás gur tástáladh an plean seachtrach éigeandála faoi Rialacháin 2006, beidh feidhm ag an eatramh uasta tástála trí bliana ó dháta na tástála deireanaí sin (Rialachán 17(2)).

Ní mór d’údaráis inniúla áitiúla tuarascáil a chur faoi bhráid an CCA maidir lena ngníomhaíochtaí faoi Rialacháin 16 agus 17 laistigh de dhá mhí ó dheireadh gach bliana féilire. Soláthróidh an CCA treoirlínte do na húdaráis inniúla áitiúla maidir leis an bhfaisnéis atá le cumhdach sa tuarascáil (Rialachán 17(5)).

**Cuid 5 – Mórthionóiscí a Thuairisciú**

***Rialachán 18: Faisnéis atá le soláthar ag an oibritheoir agus na gníomhartha atá le déanamh tar éis mórthionóisce***

Tar éis mórthionóisce, ní mór d'oibritheoir, a luaithe is féidir, an CCA a chur ar an eolas faoin tionóisc a tharla. Ní mór don oibritheoir faisnéis shonrach a sholáthar don CCA freisin faoi imthosca na tionóisce agus faoi na substaintí contúirteacha a bhí i gceist. De bhreis air sin, ní mór don oibritheoir faisnéis a sholáthar faoi na bearta éigeandála a rinneadh, chomh maith le sonraí chun cabhrú leis an CCA measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí ar shláinte an duine, ar an gcomhshaol agus ar mhaoin.

Ní mór don oibritheoir an CCA a chur ar an eolas freisin faoi na bearta atá sé beartaithe aige a dhéanamh chun éifeachtaí meántéarmacha agus fadtéarmacha na mórthionóisce a mhaolú agus chun a chinntiú nach dtarlóidh a leithéid choíche. Más rud é gurb é an toradh atá ar thuilleadh imscrúdaithe ag an oibritheoir go nochtar fíorais bhreise a athraíonn an fhaisnéis a soláthraíodh cheana féin nó na conclúidí ar thángthas orthu ar dtús, ní mór don oibritheoir an fhaisnéis nuashonraithe a sholáthar don CCA.

Níor cheart cur isteach ar láthair mórthionóisce ach amháin chun éifeachtaí na mórthionóisce a mhaolú, nó ar shlí eile ar thoiliú a fháil ó chigire de chuid an CCA.

***Rialachán 19: Gníomhaíocht atá le déanamh ag an Údarás Inniúil Lárnach tar éis mórthionóisce***

Tar éis mórthionóisce, ní mór don Údarás Inniúil Lárnach a chinntiú go ndéantar aon bhearta práinneacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha is gá.

Ní mór dó bailiú a dhéanamh trí chigireacht, trí imscrúdú nó ar mhodhanna cuí eile ar an bhfaisnéis is gá chun anailís iomlán a dhéanamh ar gach gné den tionóisc agus gníomhaíocht chuí a dhéanamh chun a chinntiú go gcuireann an t-oibritheoir na bearta leasúcháin is gá i bhfeidhm.

Ní mór don CCA moltaí a dhéanamh freisin maidir le bearta coisctheacha amach anseo.

I gcás go gcomhlíonann an mhórthionóisc na critéir a leagtar amach i Sceideal 6 a ghabhann leis na Rialacháin, ní mór don CCA tuarascáil a sholáthar don Choimisiún Eorpach, laistigh de bhliain, ina bhfuil an fhaisnéis shonraithe faoin tionóisc.

***Rialachán 20: Teagmhas infhógartha***

Ceanglaítear ar oibritheoirí an CCA a chur ar an eolas faoi theagmhais agus 'neasteagmhais' áirithe mar a leagtar amach sa Rialachán seo agus i Sceideal 7 a ghabhann leis na Rialacháin.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfadh dualgas a bheith ar oibritheoirí, mar fhostóirí, teagmhais a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta faoi reachtaíocht náisiúnta eile.

**Cuid 6 – Forfheidhmiú agus Rialáil**

***Rialachán 21: Feidhmeanna an Údaráis Inniúil Lárnaigh***

Tuairiscítear feidhmeanna an CCA sa Rialachán seo. Tagraíodh cheana féin do roinnt de na feidhmeanna sin agus tionchar Rialacháin 1 go 20 á dtuairisciú, agus tabharfar aird ar roinnt eile díobh agus Rialacháin eile á bplé níos déanaí sa treoir seo.

Baineann roinnt de na feidhmeanna leis an gceanglas tuarascálacha a thabhairt don Choimisiún Eorpach (Rialachán 21(1)). Cumhdaítear le feidhm amháin aighneacht a dhéanamh chuig an gCoimisiún arb aighneacht í atá bunaithe ar fhaisnéis a fuarthas ó oibritheoir, i gcás go dtacaíonn sí leis an argóint nach bhfuil guais mhórthionóisce i gceist le substaint chontúirteach ar leith. Má éiríonn léi, féadfar a chinneadh nach bhfuil feidhm ag an Treoir, ina hiomláine ná i bpáirt, maidir leis an tsubstaint.

Ní mór don CCA a chinneadh an bhfuil oibritheoirí ina mbaill de ghrúpa éifeachtaí na ndúradán agus ansin fógra a thabhairt do gach oibritheoir laistigh den ghrúpa ina thaobh sin ((Rialachán 21(2)).

Mar a luadh cheana féin faoi Rialachán 11, ní mór don CCA a chonclúidí maidir leis an tuarascáil sábháilteachta a chur in iúl laistigh de thréimhse ceithre mhí.

Féadfaidh an CCA gníomhartha áirithe ag oibritheoir a thoirmeasc agus, in imthosca sonracha áirithe, ní mór don CCA na gníomhartha sin a thoirmeasc. Féadfaidh sé toirmeasc a chur as mainneachtain fógra nó faisnéis eile a cheanglaítear leis na Rialacháin a chur isteach laistigh den tréimhse shonraithe. Ní mór dó úsáid nó tabhairt chun úsáide aon bhunaíochta, nó aon chuid di, a thoirmeasc i gcás go bhfuil easnaimh thromchúiseacha ar na bearta a rinne an t-oibritheoir nó i gcás go raibh mainneachtain thromchúiseach ann na gníomhartha is gá a sainaithníodh i dtuarascáil chigireachta a dhéanamh.

Ní mór don CCA fógra a thabhairt don údarás inniúil áitiúil iomchuí i dtaobh a chonclúidí maidir le tuarascáil sábháilteachta (Rialachán 21(8)).

Féadfaidh an CCA a chinneadh nach bhfuil plean seachtrach éigeandála ag teastáil agus cuirfidh sé é sin in iúl do na húdaráis inniúla áitiúla iomchuí i scríbhinn (Rialachán 21(9)).

Ní mór dó dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir leis an bhfaisnéis i dtuarascáil sábháilteachta a bhaineann le rioscaí go dtarlóidh mórthionóisc don chomhshaol (Rialachán 21(10)).

Ní mór dó glacadh le faisnéis a chuireann oibritheoirí isteach faoi reachtaíocht eile de chuid an AE, ar choinníoll go gcomhlíonann sí ceanglais na Rialachán (Rialachán 21(11)).

***Rialachán 22: Cigireachtaí agus Imscrúduithe***

Ní mór don CCA, faoina chumhachtaí faoi Chuid 4 den Acht Ceimiceán, córas náisiúnta cigireachtaí a chur chun feidhme lena gcumhdaítear gach bunaíocht.

Ní mór cigireachtaí a bheith oiriúnach don bhunaíocht a bhfuil cigireacht á déanamh uirthi agus ní mór iad a bheith leordhóthanach le haghaidh scrúdú pleanáilte córasach ar na córais atá i bhfeidhm ag an mbunaíocht, chun a chinntiú gur féidir leis an oibritheoir a léiriú go ndearnadh na bearta cuí chun mórthionóiscí a chosc agus a n-iarmhairtí a theorannú.

Ní mór cigireachtaí a úsáid freisin chun an fhaisnéis i dtuarascálacha sábháilteachta (nó i dtuarascálacha eile) a fhíorú agus chun a dheimhniú gur soláthraíodh an fhaisnéis phoiblí (faoi Rialachán 25).

Ní mór don CCA plean cigireachta a ullmhú ina bhfuil liosta de na bunaíochtaí uile agus ina n-áirítear nósanna imeachta cigireachta, cláir chigireachta, agus minicíochtaí le haghaidh cigireachtaí.

Socraítear an t-eatramh uasta idir cigireachtaí ag bliain amháin i gcás bunaíocht uas-sraithe agus ag trí bliana i gcás bunaíocht íos-sraithe.

Mar sin féin, is féidir leis an CCA é sin a athrú i gcás go bhfuil an chigireacht bunaithe ar bhreithmheas córasach ar na guaiseacha mórthionóiscí – agus sa chás sin beidh an t-eatramh idir cigireachtaí bainteach le tionchair mórthionóiscí na bunaíochta agus leis an taifead comhlíonta roimhe seo de chuid an oibritheora.

Ní mór na cinntí ó chigireacht a chur in iúl don oibritheoir laistigh de cheithre mhí ón gcigireacht agus ní mór don oibritheoir iad a chomhlíonadh laistigh de thréimhse réasúnach ama (Rialachán 22(7)). I gcás go gcinnfear go raibh neamhchomhlíonadh suntasach ann, ní mór cigireacht bhreise a dhéanamh laistigh de shé mhí (Rialachán 22(8)).

Ní mór cigireachtaí nach gnáthchigireachtaí iad a dhéanamh de bhun gearáin thromchúiseacha agus neasteagmhas (Rialachán 22(6)).

Ní mór cigireachtaí a chomhordú, i gcás gur féidir, le cigireachtaí faoi reachtaíocht eile de chuid an Aontais Eorpaigh agus iad a chomhcheangal, i gcás gur cuí (Rialachán 22(9)).

***Rialachán 23: Cigirí***

Leis an Rialachán seo, cumhdaítear cigirí a cheapadh chun críocha na Rialachán. Déantar ceapacháin den sórt sin de bhun alt 11 den Acht Ceimiceán, agus de bhun Chodanna 4 go 6 de go háirithe.

Féadfaidh an CCA sainchomhairleoirí, comhairleoirí nó daoine eile a cheapadh mar chigirí faoi alt 11 den Acht.

## Cuid 7 – Pleanáil Úsáide Talún

### *Rialachán 24: Comhairle theicniúil maidir le pleanáil úsáide talún*

Cuirfidh an CCA an t-údarás pleanála iomchuí ar an eolas faoi achar comhairliúcháin le haghaidh bunaíochta, tar éis fógra a fháil ón oibritheoir. Déanfaidh sé an t-achar comhairliúcháin a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn tréimhsiúil de réir mar is gá.

Ní mór d'údaráis phleanála dul i gcomhairle leis an CCA le haghaidh comhairle theicniúil de réir mar is cuí maidir leis na cineálacha forbartha a liostaítear i mír (2) den Rialachán seo.

Tabharfaidh an CCA comhairle theicniúil d'údarás pleanála mar fhreagairt d'iarraidh faoin Rialachán seo, agus leagtar amach na hamlínte le haghaidh déanamh amhlaidh i míreanna (9) agus (10).

I gcás nach ionann na modhnuithe beartaithe ag bunaíocht agus forbairt mar a mhínítear in alt 3 den Acht um Pleanáil agus Forbairt agus nach bhfuil aon mhéadú ann ar an riosca lasmuigh den láithreán (lena n-áirítear trí bhearta teicniúla breise a bheith á n-úsáid ag an oibritheoir), ní cheanglófar ach an cead ón CCA[8]. Ní fhéadfaidh oibritheoirí dul ar aghaidh leis an modhnú go dtí go mbeidh an cead sin faighte acu.

Ní cinneadh cinntitheach nach bhfuil cead pleanála ag teastáil le haghaidh an mhodhnaithe bheartaithe í breith ón Údarás Inniúil Lárnach déileáil le modhnú beartaithe faoi mhír (4) den Rialachán seo agus gan é a tharchur chuig údarás pleanála faoi mhír (5); is faoin údarás pleanála iomchuí nó faoin gCoimisiún Pleanála ar athbhreithniú faoi alt 5 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, atá sé cinneadh den sórt sin a dhéanamh. Ní mór d'oibritheoirí na Rialacháin seo agus aon cheanglais a bhaineann le pleanáil san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, a chur san áireamh chun a chinntiú go gcomhlíonann siad na forálacha iomchuí uile.

Más rud é, i dtuairim an CCA, go meastar gur athrú suntasach é modhnú beartaithe, tarchuirfidh an CCA é chuig an údarás pleanála chun cinneadh a fháil i dtaobh an forbairt é an modhnú beartaithe nó nach ea, nó an forbairt dhíolmhaithe é.

I gcás go n-eiseoidh an t-údarás pleanála dearbhú ina gcuirtear in iúl nach forbairt é an modhnú beartaithe nó gur forbairt dhíolmhaithe é, tarchuirfear an togra ar ais chuig an CCA chun go dtabharfaidh sé aghaidh air faoi mhír (4), i gcomhréir leis na prionsabail pleanála úsáide talún a leagtar amach sa Treoir.

Ní mór don CCA an t-oibritheoir a chur ar an eolas aon uair a tharchuireann sé modhnú beartaithe chuig údarás pleanála. I gcásanna den sórt sin, ní ceadmhach don oibritheoir an modhnú a dhéanamh go dtí go mbeidh dearbhú faighte ón údarás pleanála nó go dtí go mbeidh cead pleanála faighte i leith an mhodhnaithe bheartaithe.

---

[8] Ní cinneadh cinntitheach nach bhfuil cead pleanála ag teastáil le haghaidh an mhodhnaithe bheartaithe í breith ón Údarás Inniúil Lárnach déileáil le modhnú beartaithe faoi mhír (4) den Rialachán seo agus gan é a tharchur chuig údarás pleanála faoi mhír (5); is faoin údarás pleanála iomchuí nó faoin gCoimisiún Pleanála ar athbhreithniú faoi alt 5 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, atá sé cinneadh den sórt sin a dhéanamh. Ní mór d'oibritheoirí na Rialacháin seo agus aon cheanglais a bhaineann le pleanáil san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, a chur san áireamh chun a chinntiú go gcomhlíonann siad na forálacha iomchuí uile.

Ceanglaítear ar oibritheoirí faisnéis leordhóthanach a sholáthar don CCA, mar chuid d'fhógra (Rialachán 8) agus nuair atá modhnú á phleanáil (Rialachán 12) nó tar éis iarraidh a fháil tráth ar bith ón CCA, faoi na rioscaí a eascraíonn as bunaíocht, chun a chur ar chumas an CCA a fheidhmeanna faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, agus go háirithe chun a chinntiú go bhfuil comhairle theicniúil maidir leis na rioscaí sin ar fáil chun críocha pleanála úsáide talún.

**Cuid 8 – Faisnéis agus Rúndacht**

***Rialachán 25: Faisnéis a sholáthar don phobal***

Ní mór don CCA faisnéis áirithe a bhaineann le gach bunaíocht a chur ar fáil go buan don phobal. Leagtar cineál na faisnéise sin amach i Sceideal 5 a ghabhann leis na Rialacháin: baineann Cuid 1 le gach bunaíocht, agus baineann Cuid 2 go sonrach le bunaíochtaí uas-sraithe.

Ní mór don CCA a chinntiú go ndéanfar an fhaisnéis atá le soláthar a chur ar fáil go leictreonach laistigh de thréimhse réasúnach ama ón uair a thagann an bhunaíocht faoi réir na Rialachán seo.

Tabhair faoi deara nach féidir an tuarascáil sábháilteachta agus an fardal substaintí contúirteacha (bunaíochtaí uas-sraithe amháin) a chur ar fáil don phobal ach amháin arna iarraidh sin, agus faoi réir fhorálacha Rialachán 26.

Ceanglaítear ar gach oibritheoir faisnéis iomchuí a sholáthar don CCA chun na críche sin (Rialachán 25(1)). Ceanglaítear ar an oibritheoir freisin aon nuashonruithe ar an bhfaisnéis a sholáthar don CCA, gan iarraidh a fháil chuige sin, agus aon iarraidh ón CCA a chomhlíonadh i ndáil le hullmhú na faisnéise (Rialachán 25(10)).

Sonróidh an CCA i scríbhinn an fhormáid don fhaisnéis agus na modhanna trína bhfuil sí le soláthar don CCA (Rialachán 25(11)).

Ceanglaítear go sonrach ar oibritheoirí bunaíochtaí uas-sraithe a chinntiú freisin go bhfaighidh ‘gach duine ar dóigh go ndéanfar difear dóibh’ mar gheall ar mhórthionóisc atá de thionscnamh na bunaíochta faisnéis shoiléir agus intuigthe faoi bhearta sábháilteachta agus faoi cad ba cheart dóibh a dhéanamh i gcás mórthionóisce. Ní mór an fhaisnéis sin a sholáthar do gach foirgneamh agus do gach limistéar úsáide poiblí, lena n-áirítear scoileanna agus ospidéil agus, i gcás ghrúpaí éifeachtaí na ndúradán, do gach bunaíocht chomharsanach (Rialachán 25(4)).

Cuirfidh an CCA an t-oibritheoir ar an eolas faoin limistéar a bhfuil an fhaisnéis le soláthar laistigh de (Rialachán 25(8)).

Ba cheart an fhaisnéis a choinneáil faoi athbhreithniú tráthrialta agus a nuashonrú de réir mar is gá. Ní mór í a sholáthar gach cúig bliana ar a laghad. I gcás bunaíochtaí nua nó bunaíochtaí eile, ní mór í a sholáthar laistigh de shé mhí ón dáta a thiocfaidh na Rialacháin i bhfeidhm.

I gcás gur soláthraíodh an fhaisnéis do dhaoine ar dóigh go ndéanfar difear dóibh mar gheall ar mhórthionóisc atá de thionscnamh na bunaíochta faoi Rialacháin 2006 agus go gcomhlíonann sí ceanglais na Rialachán seo, beidh an tréimhse ama athbhreithnithe agus nuashonraithe cúig bliana atá ann cheana i bhfeidhm fós (Rialachán 25(7)).

Ní mór don oibritheoir dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla áitiúla maidir le hoiriúnacht na faisnéise sin chun a chinntiú go bhfuil sí comhsheasmhach leis an gcomhairle atá le tabhairt agus leis na gníomhartha atá le déanamh faoin bplean seachtrach éigeandála (Rialachán 25(9)).

***Rialachán 26: Rochtain ar fhaisnéis agus rúndacht***

Tagann faisnéis a fhaigheann an CCA chun críche na Rialachán faoi raon feidhme Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol), 2007 (I.R. Uimh. 133 de 2007), arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol) (Leasú), 2011 (I.R. Uimh. 662 de 2011), agus cuirfear ar fáil í d'aon duine nádúrtha nó d'aon duine dlítheanach a iarrann í, de réir fhorálacha na Rialachán sin (Rialachán 26(1)).

Mar sin féin, féadfaidh an t-údarás inniúil diúltú géilleadh do nochtadh na faisnéise sin nó é a shrianadh i gcás go mbeidh feidhm ag na coinníollacha a leagtar síos sna Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol (Rialachán 26(2)).

Féadfaidh oibritheoir bunaíochta uas-sraithe a iarraidh nach ndéanfar faisnéis shonrach i dtuarascáil sábháilteachta nó i bhfardal substaintí contúirteacha a nochtadh ar na cúiseanna sin, agus féadfaidh an t-údarás inniúil, agus aighneacht an oibritheora á cur san áireamh nó bunaithe ar a mheasúnú féin, a chinneadh go bhfuil feidhm ag na coinníollacha sriantacha sna Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol, agus ansin féadfaidh an t-oibritheoir foirm leasaithe den tuarascáil sábháilteachta nó den fhardal substaintí contúirteacha a chur ar fáil don údarás inniúil, lena soláthar mar fhreagra ar iarrataí ón bpobal ar fhaisnéis faoi mhír (1) den Rialachán (Rialacháin 26(3)-(5)).

Ní mór dóibh siúd a fhaigheann faisnéis a sholáthraítear d'údaráis inniúla eile nó do chomhlachtaí poiblí chun críche na Rialachán caitheamh léi amhail is dá mbeadh sí rúnda. Caithfear iarrataí ar an bhfaisnéis sin faoi na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol a dhéanamh chuig an údarás inniúil tionscnaimh (Rialachán 26(6)-(7) agus Rialachán 26(10)).

Caithfear le tuarascáil sábháilteachta atá faoi mheasúnú amhail is dá mbeadh sí rúnda go dtí go mbeidh a chonclúidí curtha in iúl ag an CCA don oibritheoir (Rialachán 26(8)).

Caithfear le comhairle theicniúil maidir le pleanáil úsáide talún a sholáthraítear d'údaráis phleanála faoi Rialachán 24 amhail is dá m'fhaisnéis phoiblí í (Rialachán 26(9)).

**Cuid 9 – Muirir i leith seirbhísí**

***Rialachán 27: Muirir i leith Seirbhísí***

Sa rialachán seo, pléitear le muirearú táillí ag an Údarás Inniúil Lárnach agus ag na húdaráis inniúla áitiúla.

Leagtar amach i mír (1) cé na nithe a bhféadfaidh an CCA muirir a ghearradh ina leith agus áirítear léi measúnú ar thuarascálacha sábháilteachta, ar MAPPanna agus ar fhógraí. Áirítear léi freisin cigireachtaí, imscrúduithe agus tuarascálacha speisialta, freastal ar phleananna seachtracha éigeandála, an fhaisnéis leictreonach bhuan a sholáthar don phobal, agus an chomhairle theicniúil maidir le pleanáil úsáide talún faoi Rialachán 24 freisin.

Leanfaidh an scála táillí reatha ar aghaidh go dtí go mbeidh scála nua ceadaithe ag an Aire.

I mír (2), pléitear na gníomhaíochtaí a d’fhéadfadh a bheith faoi réir muirir ag na húdaráis inniúla áitiúla agus an sásra ceadaithe lena dtabhairt isteach ag an Aire cuí.

**Cuid 10 – Cionta**

***Rialachán 28: Rialacháin atá faoi réir forálacha pionósacha***

Liostaítear sa Rialachán seo na Rialacháin atá faoi réir forálacha pionósacha.

***Rialachán 29: Cionta, ionchúiseamh agus pionóis***

Sonraítear sa Rialachán gur cion a bheidh i mainneachtain aon cheann de na Rialacháin a shainaithnítear i Rialachán 28 a chomhlíonadh agus go n-ionchúiseofar í faoin Acht Ceimiceán agus, ar chiontú, go gcuirfidh an chúirt san áireamh, agus pionóis á gcinneadh aici, ceanglas na Treorach go mbeidh siad éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

Tar éis ciontaithe, beidh an CCA i dteideal costais agus caiteachais a lorg as imscrúdú, brath agus ionchúiseamh an chiona faoi alt 30(3) den Acht Ceimiceán.

**Sceidil a ghabhann leis na Rialacháin**

***Sceideal 1: Cur i bhfeidhm na Rialachán***

Leis an Sceideal seo, trasuitear Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir. Rinneadh athrú ar eagrú na gcodanna ó Seveso II, agus is ionann na catagóirí substaintí contúirteacha agus Cuid 1 anois, rud atá ag teacht, ar ndóigh, le haicmithe cineálacha nua Rialachán CLP freisin.

Tá 21 chatagóir ann sa chuid seo anois, agus iad faoi na grúpaí seo a leanas:

- Guaiseacha Sláinte,
- Guaiseacha Fisiciúla,
- Guaiseacha Comhshaoil, agus
- Guaiseacha Eile.

Tá na substaintí contúirteacha ainmnithe i gCuid 2 anois: tá an chuid is mó de na substaintí agus na meascáin ainmnithe, agus a dtairseacha faoi seach, mar an gcéanna leis na cinn atá i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 96/82/CE. Is amhlaidh atá roinnt breiseanna nua i gCuid 2, agus tá 48 substaint ainmnithe ann anois.

Tá na rialacha suimiúcháin agus nótaí eile a chabhraíonn leis an gcáiliú a chinneadh ar áireamh sa Sceideal seo.

Is é an tsubstaint chontúirteach a aicmiú an pointe tosaithe le haghaidh Sceideal 1 a chur i bhfeidhm. Má tá 'aicmiú comhchuibhithe' ann faoi Rialachán CLP, ní mór d'oibritheoirí é a úsáid. Ní mór don oibritheoir substaintí contúirteacha nach bhfuil liostaithe mar shubstaintí a bhfuil aicmiú comhchuibhithe acu a aicmiú i gcomhréir leis na rialacha féinaicmiúcháin atá i Rialachán CLP. I gcás na Rialachán seo, folaíonn 'substaint chontúirteach' substaintí idirmheánacha agus cineálacha dramhaíola a bhfuil na tréithe guaise iomchuí acu.

Cuirfidh an CCA áireamhán scarbhileoige lena shuíomh Gréasáin chun cabhrú le hoibritheoirí na rialacha suimiúcháin a chur i bhfeidhm.

***Sceideal 2: Faisnéis faoin gcóras bainistíochta sábháilteachta agus faoi eagrú na bunaíochta d'fhonn mórthionóiscí dá dtagraítear i Rialachán 10 agus Rialachán 11 a chosc***

Leis an Sceideal seo, trasuitear Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir agus leagtar amach na gnéithe atá le cur san áireamh agus an córas bainistíochta sábháilteachta á chur chun feidhme.

Tá feidhm ag an gcóras bainistíochta sábháilteachta maidir le bunaíochtaí íos-sraithe agus le bunaíochtaí uas-sraithe araon.

Ní mór é a bheith comhréireach le guaiseacha, gníomhaíochtaí tionsclaíocha agus castacht na heagraíochta sa bhunaíocht agus a bheith bunaithe ar mheasúnú ar na rioscaí.

Tá roinnt gnéithe nua tábhachtacha ar áireamh i Sceideal 2:

- bearta chun feasacht a mhúscailt ar an ngá atá le feabhsú leanúnach,
- gan páirt a thabhairt d'fhostaithe/d'fhochonraitheoirí ach amháin má tá sé tábhachtach déanamh amhlaidh ó thaobh na sábháilteachta de,

- gníomhaíochtaí fochonraithe a chur ar áireamh agus mórghuaiseacha á sainaithint/á measúnú,
- an gá atá le faisnéis faoi dhea-chleachtais a chur san áireamh,
- rioscaí a bhaineann le trealamh atá ag dul in aois,
- straitéis agus modheolaíocht le haghaidh faireacháin agus rialaithe,
- gníomhartha leantacha agus frithbhearta a sholáthar,
- oibleagáid go gcumhdófaí le nósanna imeachta faireacháin an córas le haghaidh mórthionóiscí nó neasteagmhais a thuairisciú,
- an gá atá le táscairí feidhmíochta a chur ar áireamh sna nósanna imeachta faireacháin sin, agus
- an oibleagáid na hathruithe is gá a léirítear leis an iniúchadh agus leis an athbhreithniú a bhreithniú agus a chur ar áireamh.

***Sceideal 3: Sonraí agus faisnéis íosta atá le cur san áireamh sa tuarascáil sábháilteachta dá dtagraítear i Rialachán 11***

Leis an Sceideal seo, trasuitear Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir agus mionsonraítear an fhaisnéis íosta nach mór d’oibritheoirí a sholáthar i dtuarascáil sábháilteachta.

Ní mór an fhaisnéis ar fad a leagtar amach sa Sceideal a sholáthar.

Áirítear iad seo a leanas leis na gnéithe nua nó leathnaithe atá le cur ar áireamh sa tuarascáil sábháilteachta:

Mír 2(c): faisnéis a bhaineann le héifeachtaí na ndúradán a shainaithint.

Mír 3(b): faisnéis a bhaineann leis an tuairisc ar phróisis agus an gá atá le faisnéis atá ar fáil faoi dhea-chleachtais a chur san áireamh le linn déanamh amhlaidh.

Mír 4: áirítear léi dhá ghné nua thábhachtacha faisnéise atá le cur ar áireamh sa tuarascáil sábháilteachta, agus iad bainteach leis an oibleagáid tuairisc bhreise a thabhairt ar na cúiseanna a d’fhéadfadh cásanna tionóisce a spreagadh agus leis an ngá atá le hathbhreithniú ar thionóiscí agus teagmhais san am atá thart a chur ar áireamh freisin.

Mír 5: áirítear léi samplaí de na cineálacha trealaimh ba cheart a chur ar áireamh sa tuairisc i mír 5(a) agus cuirtear gné thábhachtach léi atá le cur san áireamh sa tuarascáil sábháilteachta, agus í bainteach leis na bearta teicniúla agus neamhtheicniúla a rinneadh chun tionchar mórthionóisce a laghdú.

***Sceideal 4: Sonraí agus faisnéis atá le cur ar áireamh sna pleananna éigeandála dá dtagraítear i Rialachán 13***

Ní mór an fhaisnéis a shonraítear sa Sceideal seo a bheith i bPleananna Éigeandála a ullmhaítear faoi Rialachán 13.

I gCuid 1 den Sceideal, pléitear Pleananna Inmheánacha Éigeandála, ar dualgas oibritheora é. Tá sí mar an gcéanna den chuid is mó leis na Rialacháin roimhe seo, cé is moite de “i gcás gur gá” a chur léi i mír (f) a bhaineann le socruithe le haghaidh oiliúint foirne.

Le Cuid 2, cumhdaítear Pleananna Seachtracha Éigeandála, agus is feidhm de chuid an údaráis inniúil áitiúil í na pleananna sin a chur chun feidhme.

Áirítear iad seo a leanas leis na príomhathruithe ar an Sceideal seo:

- ba cheart freagairtí do chásanna mórthionóiscí a bheith ar áireamh sna socruithe le haghaidh gníomhaíocht mhaolaitheach lasmuigh den láithreán, agus ba cheart éifeachtaí na ndúradán, lena n-áirítear iad sin a bhfuil tionchar acu ar an gcomhshaol, a chur san áireamh iontu, agus

- ba cheart foráil a dhéanamh leis na pleananna freisin maidir le bunaíochtaí comharsanacha nó láithreáin chomharsanacha a sainaithnítear go bhféadfadh go mbeadh éifeachtaí na ndúradán iontu a chur ar an eolas

***Sceideal 5: Míreanna faisnéise don phobal dá bhforáiltear i Rialachán 25***

Rinneadh roinnt athruithe ar an Sceideal seo, ina bpléitear an fhaisnéis nach mór a sholáthar don phobal.

Ní mór don CCA faisnéis shonraithe a bhaineann le gach bunaíocht a chur ar fáil go buan don phobal. Dá bhrí sin, ceanglaítear ar gach oibritheoir an fhaisnéis a liostaítear i gCuid 1 den Sceideal a sholáthar don CCA.

Tá feidhm ag Cuid 1 maidir le gach bunaíocht; is gné riachtanach den Treoir nua í sin.

Ceanglaítear ar oibritheoir tuairisc a thabhairt, i dtéarmaí simplí, ar na hairíonna guaiseacha a bhaineann leis na substaintí contúirteacha iomchuí ar an mbunaíocht a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le mórthionóisc.

Ceanglaítear ar an oibritheoir freisin faisnéis a sholáthar a bhaineann leis an ngníomhaíocht chuí atá le déanamh i gcás mórthionóisce agus a chur in iúl cá háit a bhféadfadh an fhaisnéis a bheith ar fáil go leictreonach.

Ní mór dáta na cigireachta deireanaí láithreáin agus faisnéis faoi cá háit ar féidir tuilleadh mionsonraí faoi ghníomhaíocht a bhaineann le cigireacht a fháil a leagan amach freisin.

Leagtar amach i gCuid 2 den Sceideal an fhaisnéis bhreise nach mór d'oibritheoirí bunaíochtaí uas-sraithe a sholáthar.

Ceanglaítear leis sin ar an oibritheoir anois faisnéis ghinearálta a sholáthar a bhaineann le cineál na nguaiseacha mórthionóiscí, lena n-áirítear na héifeachtaí féideartha ar shláinte an duine agus sonraí achoimre ar na príomhchineálacha cásanna mórthionóiscí agus na bearta rialaithe chun aghaidh a thabhairt orthu.

Ceanglaítear anois freisin faisnéis iomchuí ón bplean seachtrach éigeandála a sholáthar don phobal.

I gcás go bhfuil dóchúlacht ann go dtarlóidh mórthionóisc a mbeadh éifeachtaí trasteorann aici, ní mór é sin a chur in iúl.

***Sceideal 6: Critéir le haghaidh fógra a thabhairt don Choimisiún Eorpach faoi mhórthionóisc dá bhforáiltear i Rialachán 19(2)***

Leis an Sceideal seo, trasuitear Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Treoir.

Leagtar amach ann na critéir le haghaidh mórthionóisc infhógartha agus tá sé mar an gcéanna leis an Sceideal atá i Rialacháin 2006.

### *Sceideal 7: Critéir le haghaidh an teagmhais infhógartha dá dtagraítear i Rialachán 20*

Ceanglaítear ar oibritheoirí an CCA a chur ar an eolas faoi theagmhais agus 'neasteagmhais' áirithe mar a leagtar amach sa Sceideal seo.

Tá athruithe ann ar an Sceideal seo, i gcomparáid le Rialacháin 2006, sa mhéid is go mbaineann an chéad mhír go sonrach anois le pléascadh nó dóiteán lena mbaineann substaint chontúirteach agus a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le gnáthobair sa bhunaíocht a bheith ar fionraí ar feadh níos mó ná 24 uair an chloig.

Maidir le scaoileadh nó sceitheadh neamhrialaithe nó tionóisceach aon substainte contúirtí i mbunaíocht, ceanglaítear ar an oibritheoir fógra a thabhairt don CCA má tá an acmhainneacht ag an scaoileadh iarmhairtí díobhála tromchúisí a bheith aige do shláinte an duine, damáiste tromchúiseach a dhéanamh don chomhshaol nó damáiste a dhéanamh do mhaoin, den chineál a thuairiscítear sa séú Sceideal.

Ba cheart 'neasteagmhais' a bheith ag gabháil leis sin agus ba cheart a chinntiú leis go gcuirtear an tÚdarás Inniúil Lárnach ar an eolas fúthu.

# An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

## Míniú ar an bPróiseas um Cheadúnú Astaíochtaí Tionsclaíocha

Agus iarratas á dhéanamh agat ar cheadúnas Astaíochtaí Tionsclaíocha nó ar athbhreithniú ar cheadúnas chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, ní mór duit roinnt ceanglas reachtúil a chomhlíonadh. Tá siad sin leagtha amach go príomha sna nithe seo a leanas:

- Na Rialacháin fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (Astaíochtaí Tionsclaíocha) (Ceadúnú), 2013 (I.R. Uimh. 137 de 2013)
- Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Astaíochtaí Tionsclaíocha), 2013 (I.R. Uimh. 138 de 2013)
- An tAcht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, arna leasú

**Tá roinnt céimeanna i gceist leis an bpróiseas iarratais:**

**Céim 1: Réamhiarratas**

Sula ndéanfaidh tú iarratas, ní mór duit na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Fógra a fhoilsiú i nuachtán a scaiptear sa limistéar,
- Fógra a chur suas ar an láithreán á rá go bhfuil sé beartaithe agat iarratas a dhéanamh ar cheadúnas
- Fógra a thabhairt don údarás pleanála

Tá ábhar na bhfógraí leagtha amach sna Rialacháin fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (Astaíochtaí Tionsclaíocha) (Ceadúnú), 2013 (I.R. Uimh. 137 de 2013)

**Céim 2: Iarratas a dhéanamh**

Áirítear leis an gcéim seo an measúnú ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar an iarratas agus ar aighneachtaí maidir leis an iarratas. Agus iarratas á dhéanamh agat, déan cinnte de:

- Go n-úsáidfidh tú an fhoirm iarratais shonraithe
- Go bhfreagróidh tú gach ceist (is féidir go seolfar iarratais neamhiomlána ar ais)
- Go dtabharfaidh tú aird ar leith ar an Treoirnóta nó na Treoirnótaí iomchuí maidir leis na Teicnící is Fearr atá ar Fáil, más rud é go mbeidh Treoirnótaí den sórt sin ar fáil ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ag an am lena mbaineann
- Go gceanglóidh tú an doiciméadacht tacaíochta uile is gá, an táille iomchuí san áireamh.

Beidh ocht seachtaine againn chun measúnú a dhéanamh ar d’iarratas sula ndéanfaimid “cinneadh beartaithe”.

Ní thosóidh an tréimhse ocht seachtaine ach amháin tar éis an iarraidh nó na hiarrataí is gá a chomhlíonadh. Féadfar an tréimhse sin a fhadú in imthosca áirithe, lena n-áirítear trí chomhaontú leis an iarratasóir nó leis an gceadúnaí.

Sula ndéanfaimid cinneadh beartaithe, ní mór dúinn aird a thabhairt ar aon aighneachtaí i scríbhinn a fuarthas.

**Céim 3: Cinneadh beartaithe ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil**

Ceanglaítear orainn a chur in iúl conas a dhéanfaimid cinneadh ar iarratas, agus déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Fógra nuachtáin a fhoilsiú ina gcuirfear in iúl conas a dhéanfaimid cinneadh ar an iarratas
- An cinneadh beartaithe a chur ar aghaidh chuig gach duine a rinne aighneacht
- An cinneadh beartaithe a chur ar fáil lena iniúchadh ag an bpobal ar an suíomh Gréasáin seo
- Fógra a thabhairt do na comhlachtaí poiblí atá sonraithe sna rialacháin thuasluaite

**Céim 4: Aon agóidí i gcoinne an chinnidh bheartaithe (lena n-áirítear aighneachtaí maidir le hagóidí)**

Féadfaidh aon duine nó aon chomhlacht (lena n-áirítear an t-iarratasóir ar cheadúnas nó ceadúnaí) agóid a dhéanamh laistigh de 28 lá ón dáta a eisíodh an cinneadh beartaithe.

Eiseofar cóip de gach agóid bhailí chuig an iarratasóir agus chucu sin a chuir agóid bhailí isteach.

Féadfar aighneachtaí maidir le hagóid a dhéanamh laistigh de mhí amháin ón dáta a scaipeadh cóipeanna den agóid.

Ní fhéadfaimid breithniú a dhéanamh ar aighneachtaí maidir le hagóidí a fuarthas tar éis na tréimhse míosa sin, agus ní fhéadfaimid breithniú a dhéanamh ar aon aighneachtaí breise ná ar aon mhionsonraí breise.

Mar sin féin, tá sé de rogha againn, ar mhaithe leis an gceartas, agus i gcás gur cuí linn déanamh amhlaidh in imthosca ar leith, a iarraidh ar pháirtí in agóid aighneacht a dhéanamh maidir le haon ní a thagann chun cinn le linn na hagóide.

I gcás gur cuí, féadfaimid a iarraidh ar pháirtí in agóid tuilleadh faisnéise a chur isteach laistigh de thréimhse shonraithe.

I gcás nach ndéanfar aon agóid bhailí laistigh den tréimhse fhorordaithe, eiseoimid an cinneadh uainn de réir an Chinnidh Bheartaithe.

**Céim 5: Éisteacht ó bhéal**

Féadfaidh duine a bhfuil agóid bhailí á déanamh aige nó aici éisteacht ó bhéal a iarraidh.

**Céim 6: An cinneadh críochnaitheach uainn**

Agus sinn ag teacht ar an gcinneadh uainn, déanfaimid breithniú ar an iarratas agus ar gach agóid agus aighneacht a fuarthas agus, i gcás gur seoladh éisteacht ó bhéal, ar an tuarascáil agus an moladh ón duine nó ó na daoine a sheol an éisteacht.

Nuair a bheidh cinneadh críochnaitheach déanta, cuirfimid an cinneadh sin in iúl do na daoine seo a leanas:

- An t-iarratasóir/an ceadúnaí
- Aon duine a rinne aighneacht i scríbhinn maidir leis an iarratas
- Aon duine a rinne agóid bhailí
- Na comhlachtaí poiblí atá sonraithe sna rialacháin

Cuirfear an cinneadh ar fáil lena iniúchadh ar an suíomh Gréasáin seo, agus foilseofar é i nuachtán a scaiptear sa limistéar. Féadfar tarscaoiltí agus aisíocaíochtaí táille a cheadú i leith iarratas agus agóidí in imthosca teoranta áirithe.

Nuair a bheidh Cinneadh eisithe, féadfaidh duine iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt chun athbhreithniú breithiúnach a lorg ar bhailíocht an Chinnidh.

**Céim 7: Athbhreithniú ar cheadúnas láithreach**

Is í an Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil an comhlacht ar cheart dó an chéad bhreithniú a dhéanamh ar gach iarraidh ó Cheadúnaithe go ndéanfaí athruithe nó oibreacha athfhoirgnithe a dhéanfadh difear d'astaíochtaí ar an láithreán. Más é rud é go mbeidh an Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil den tuairim nach féidir na hoibreacha nó na bearta a éascú laistigh de théarmaí an Cheadúnais láithrigh, cuirfidh sí an méid sin in iúl don Cheadúnaí.

Más rud é gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar cheadúnas láithreach, ní mór don Cheadúnaí a iarratas ar athbhreithniú nó a hiarratas ar athbhreithniú a chur faoi bhráid an Chláir um Cheadúnú Comhshaoil de chuid na hOifige Aeráide, Ceadúnúcháin agus Úsáide Acmhainní, de réir na Rialachán fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (Astaíochtaí Tionsclaíocha) (Ceadúnú), 2013. Ní mór an t-iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfoirm iarratais chuí ar cheadúnas faoin Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha. Ní mór na forais ar a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh a lua agus an táille athbhreithnithe is gá a sheoladh in éineacht leis freisin.

Beidh nósanna imeachta an phróisis athbhreithnithe mar an gcéanna leo sin a leantar i gcás iarratas ar Cheadúnas Astaíochtaí Tionsclaíocha.

Féadfaidh an Ghníomhaireacht athbhreithniú ar Cheadúnas a thionscnamh in imthosca áirithe freisin, mar atá leagtha amach in alt 87(1)(b) den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, arna leasú.

**Céim 8: Ceadúnas láithreach a leasú**

Féadfaidh an Ghníomhaireacht ceadúnas nó ceadúnas athbhreithnithe a leasú chun na gcríoch seo a leanas:-

1. Aon earráid cléireachais atá istigh ann a cheartú,
2. Déanamh aon ruda de bhun coinníoll atá ag gabháil leis an gceadúnas a éascú i gcás go bhféadfaí a mheas le réasún gur beartaíodh déanamh an ruda sin faoi théarmaí an choinníll nó faoi théarmaí an cheadúnais ina n-iomláine ach nár foráladh go sainráite dó sa choinníoll, nó
3. Ní bheidh de thoradh ar oibriú an cheadúnais ná déanamh an leasaithe a éascú ar shlí eile go scoirfear de cheanglais iomchuí alt 83(5) a chomhlíonadh.

Amharc ar an treoir ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil do cheadúnaithe maidir le hiarrataí ar athruithe.

## Míniú ar an bpróiseas ceadúnúcháin: Ceadúnas um Rialú Comhtháite ar Thruailliú

Agus iarratas á dhéanamh agat ar cheadúnas um rialú comhtháite ar thruailliú chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, ní mór duit roinnt ceanglas reachtúil a chomhlíonadh. Tá siad sin leagtha amach go príomha sna nithe seo a leanas:

Na Rialacháin fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (Rialú Comhtháite ar Thruailliú) (Ceadúnú), 2013 (I.R. Uimh. 283 de 2013)

Tá roinnt céimeanna i gceist leis an bpróiseas iarratais:

**Céim 1: Réamhiarratas**

Sula ndéanfaidh tú iarratas, ní mór duit na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Fógra a fhoilsiú i nuachtán a scaiptear sa limistéar,
- Fógra a chur suas ar an láithreán á rá go bhfuil sé beartaithe agat iarratas a dhéanamh ar cheadúnas
- Fógra a thabhairt don údarás pleanála

Tá ábhar na bhfógraí leagtha amach sna Rialacháin fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (Rialú Comhtháite ar Thruailliú) (Ceadúnú), 2013 (I.R. Uimh. 283 de 2013).

**Céim 2: Iarratas a dhéanamh**

Áirítear leis an gcéim seo an measúnú ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar an iarratas agus ar aighneachtaí maidir leis an iarratas. Agus iarratas á dhéanamh agat, déan cinnte de:

- Go n-úsáidfidh tú an fhoirm iarratais shonraithe (tá Treoirnótaí ar fáil - féach thíos)
- Go bhfreagróidh tú gach ceist (seolfar iarratais neamhiomlána ar ais)
- Go dtabharfaidh tú aird ar leith ar an Treoirnóta nó na Treoirnótaí iomchuí maidir leis na Teicnící is Fearr atá ar Fáil, más rud é go mbeidh Treoirnótaí den sórt sin ar fáil ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ag an am lena mbaineann
- Go gceanglóidh tú an doiciméadacht tacaíochta uile is gá, an táille iomchuí san áireamh.

Beidh ocht seachtaine againn chun measúnú a dhéanamh ar d'iarratas sula ndéanfaimid “cinneadh beartaithe”.

Ní thosóidh an tréimhse ocht seachtaine ach amháin tar éis an iarraidh nó na hiarrataí is gá a chomhlíonadh. Féadfar an tréimhse sin a fhadú in imthosca áirithe, lena n-áirítear trí chomhaontú leis an iarratasóir nó leis an gceadúnaí.

Sula ndéanfaimid cinneadh beartaithe, ní mór dúinn aird a thabhairt ar aon aighneachtaí i scríbhinn a fuarthas.

**Céim 3: Cinneadh beartaithe ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil**

Ceanglaítear orainn a chur in iúl conas a dhéanfaimid cinneadh ar iarratas, agus déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Fógra nuachtáin a fhoilsiú ina gcuirfear in iúl conas a dhéanfaimid cinneadh ar an iarratas
- An cinneadh beartaithe a chur ar aghaidh chuig gach duine a rinne aighneacht
- An cinneadh beartaithe a chur ar fáil lena iniúchadh ag an bpobal ar an suíomh Gréasáin seo

- Fógra a thabhairt do na comhlachtaí poiblí atá sonraithe sna rialacháin thuasluaite

**Céim 4: Aon agóidí i gcoinne an chinnidh bheartaithe (lena n-áirítear aighneachtaí maidir le hagóidí)**

Féadfaidh aon duine nó aon chomhlacht (lena n-áirítear an t-iarratasóir ar cheadúnas nó ceadúnaí) agóid a dhéanamh laistigh de 28 lá ón dáta a eisíodh an cinneadh beartaithe.

Eiseofar cóip de gach agóid bhailí chuig an iarratasóir agus chucu sin a chuir agóid bhailí isteach. Féadfar aighneachtaí maidir le hagóid a dhéanamh laistigh de mhí amháin ón dáta a scaipeadh cóipeanna den agóid.

Ní fhéadfaimid breithniú a dhéanamh ar aighneachtaí maidir le hagóidí a fuarthas tar éis na tréimhse míosa sin, agus ní fhéadfaimid breithniú a dhéanamh ar aon aighneachtaí breise ná ar aon mhionsonraí breise.

Mar sin féin, tá sé de rogha againn, ar mhaithe leis an gceartas, agus i gcás gur cuí linn déanamh amhlaidh in imthosca ar leith, a iarraidh ar pháirtí in agóid aighneacht a dhéanamh maidir le haon ní a thagann chun cinn le linn na hagóide.

I gcás gur cuí, féadfaimid a iarraidh ar pháirtí in agóid tuilleadh faisnéise a chur isteach laistigh de thréimhse shonraithe.

I gcás nach ndéanfar aon agóid bhailí laistigh den tréimhse fhorordaithe, eiseoimid an cinneadh uainn de réir an Chinnidh Bheartaithe.

**Céim 5: Éisteacht ó bhéal**

Féadfaidh duine a bhfuil agóid bhailí á déanamh aige nó aici éisteacht ó bhéal a iarraidh.

**Céim 6: An cinneadh críochnaitheach uainn**

Agus sinn ag teacht ar an gcinneadh uainn, déanfaimid breithniú ar an iarratas agus ar gach agóid agus aighneacht a fuarthas agus, i gcás gur seoladh éisteacht ó bhéal, ar an tuarascáil agus an moladh ón duine nó ó na daoine a sheol an éisteacht.

Nuair a bheidh cinneadh críochnaitheach déanta, cuirfimid an cinneadh sin in iúl do na daoine seo a leanas:

- An t-iarratasóir/an ceadúnaí
- Aon duine a rinne aighneacht i scríbhinn maidir leis an iarratas
- Aon duine a rinne agóid bhailí
- Na comhlachtaí poiblí atá sonraithe sna rialacháin

Cuirfear an cinneadh ar fáil lena iniúchadh ar an suíomh Gréasáin seo, agus foilseofar é i nuachtán a scaiptear sa limistéar. Féadfar tarscaoiltí agus aisíocaíochtaí táille a cheadú i leith iarratas agus agóidí in imthosca teoranta áirithe.

Nuair a bheidh Cinneadh eisithe, féadfaidh duine iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt chun athbhreithniú breithiúnach a lorg ar bhailíocht an Chinnidh. Féach Céim 7 thíos.

**Céim 7: Athbhreithniú ar cheadúnas láithreach**

Is í an Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil an comhlacht ar cheart dó an chéad bhreithniú a dhéanamh ar gach iarraidh ó Cheadúnaithe go ndéanfaí athruithe nó oibreacha athfhoirgnithe a dhéanfadh difear d'astaíochtaí ar an láithreán. Más é rud é go mbeidh an Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil den tuairim nach féidir na hoibreacha nó na bearta a éascú laistigh de théarmaí an Cheadúnais láithrigh, cuirfidh sí an méid sin in iúl don Cheadúnaí.

Más rud é go gcinnfidh an Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar cheadúnas láithreach, cuirfidh sí an ceadúnaí ar an eolas faoi sin agus ordóidh sí dó nó di iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú ar a cheadúnas nó ar a ceadúnas chuig an gClár um Cheadúnú Comhshaoil de chuid na hOifige Aeráide, Ceadúnúcháin agus Úsáide Acmhainní. Is ionann an próiseas sin agus an próiseas le haghaidh iarratas a dhéanamh ar cheadúnas nua, mar atá leagtha amach thuas. Ní mór na forais ar a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh a lua san iarratas ar athbhreithniú.

Féadfaidh an Ghníomhaireacht athbhreithniú ar Cheadúnas a thionscnamh in imthosca áirithe freisin, mar atá leagtha amach in alt 87(1)(b) den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, arna leasú.

**Céim 8: Ceadúnas láithreach a leasú**

Féadfaidh an Ghníomhaireacht ceadúnas nó ceadúnas athbhreithnithe a leasú chun na gcríoch seo a leanas:-

1. Aon earráid cléireachais atá istigh ann a cheartú,
2. Déanamh aon ruda de bhun coinníoll atá ag gabháil leis an gceadúnas a éascú i gcás go bhféadfaí a mheas le réasún gur beartaíodh déanamh an ruda sin faoi théarmaí an choinníll nó faoi théarmaí an cheadúnais ina n-iomláine ach nár foráladh go sainráite dó sa choinníoll, nó
3. Ní bheidh de thoradh ar oibriú an cheadúnais ná déanamh an leasaithe a éascú ar shlí eile go scoirfear de cheanglais iomchuí alt 83(5) a chomhlíonadh.

Amharc ar an treoir ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil do cheadúnaithe maidir le hiarrataí ar athruithe.

## Míniú ar an bpróiseas ceadúnúcháin agus ceadúcháin: Dramhaíl

I gcás go dteastóidh ceadúnas dramhaíola uait, ní mór duit ceanglais reachtacha atá leagtha amach go príomha sna Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Ceadúnú), 2004 go 2011, a chomhlíonadh.

Ní mór duit d'iarratas a dhéanamh ar an bhfoirm iarratais shonraithe, agus tá treoirnótaí ar fáil chun cabhrú leat. Tabhair aird ar leith ar an Treoirnóta nó na Treoirnótaí iomchuí maidir leis na Teicnící is Fearr atá ar Fáil, más rud é go mbeidh Treoirnótaí den sórt sin ar fáil ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus an fhoirm á comhlánú agat.

Tá roinnt céimeanna i gceist leis an bpróiseas iarratais, mar atá leagtha amach thíos.

**Céim 1: Réamhiarratas**

Sula ndéanfaidh tú iarratas, ní mór duit na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Fógra a fhoilsiú i nuachtán a scaiptear sa limistéar,
- Fógra a chur suas ar an láithreán á rá go bhfuil sé beartaithe agat iarratas a dhéanamh ar cheadúnas
- Fógra a thabhairt don údarás pleanála

Tá ábhar na bhfógraí leagtha amach sna Rialacháin Dramhaíola (Ceadúnú), 2004 go 2011

**Céim 2: Iarratas a dhéanamh**

Áirítear leis an gcéim seo an measúnú ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar an iarratas agus ar aighneachtaí maidir leis an iarratas. Agus iarratas á dhéanamh agat, déan cinnte de:

- Go bhfreagróidh tú gach ceist (is féidir go seolfar iarratais neamhiomlána ar ais)
- Go gceanglóidh tú an doiciméadacht tacaíochta uile is gá (an táille san áireamh)

Más rud é nach gcomhlíonfaidh d'iarratas na rialacháin, is féidir go n-iarrfaimid faisnéis bhreise ar mhaithe le comhlíonadh a bhaint amach. I gcás nach gcomhlíonfar iarraidh den sórt sin ina hiomláine, is féidir go ndéanfaimid na nithe seo a leanas:

- An iarraidh a dhéanamh arís
- A chinneadh dul ar aghaidh le cinneadh a dhéanamh
- A mheas an t-iarratas a bheith tréigthe

Tar éis dúinn an t-iarratas a aithint a bheith iomlán, ní fhéadfaimid an cinneadh beartaithe a eisiúint ach amháin nuair a bheidh mí amháin caite, ionas go bhféadfar aighneachtaí breise a dhéanamh. Sula ndéanfaimid cinneadh beartaithe, ní mór dúinn aird a thabhairt ar aon aighneachtaí i scríbhinn a fuaireamar.

**Céim 3: Cinneadh beartaithe ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil**

Ceanglaítear orainn a chur in iúl conas a dhéanfaimid cinneadh ar iarratas, agus déanfaimid na nithe seo a leanas:

- An cinneadh beartaithe a chur ar aghaidh chuig gach duine a rinne aighneacht
- An cinneadh beartaithe a chur ar fáil ar an suíomh Gréasáin seo
- Fógra a thabhairt do na comhlachtaí poiblí atá sonraithe sna rialacháin thuasluaite

**Céim 4: Aon agóidí (lena n-áirítear aighneachtaí maidir le hagóidí)**

Féadfaidh aon duine, lena n-áirítear an t-iarratasóir ar cheadúnas nó ceadúnaí, agóid a dhéanamh laistigh de 28 lá ón dáta a eisíodh an cinneadh beartaithe.

Eiseofar cóip de gach agóid bhailí chuig an iarratasóir agus chucu sin a chuir agóid bhailí isteach. Féadfar aighneachtaí maidir le hagóid a dhéanamh laistigh de mhí amháin ón dáta a scaipeadh cóipeanna den agóid.

Ní fhéadfaimid breithniú a dhéanamh ar aighneachtaí maidir le hagóidí a fuarthas tar éis na tréimhse míosa sin, agus ní fhéadfaimid breithniú a dhéanamh ar aon aighneachtaí breise ná ar aon mhionsonraí breise.

Mar sin féin, tá sé de rogha againn, ar mhaithe leis an gceartas, agus i gcás gur cuí linn déanamh amhlaidh in imthosca ar leith, a iarraidh ar pháirtí in agóid aighneacht a dhéanamh maidir le haon ní a thagann chun cinn le linn na hagóide.

I gcás gur cuí, féadfaimid a iarraidh ar pháirtí in agóid tuilleadh faisnéise a chur isteach laistigh de thréimhse shonraithe.

I gcás nach ndéanfar aon agóid bhailí laistigh den tréimhse fhorordaithe, eiseoimid an cinneadh uainn de réir an chinnidh bheartaithe.

**Céim 5: Éisteacht ó bhéal**

Féadfaidh duine a bhfuil agóid bhailí á déanamh aige nó aici éisteacht ó bhéal a iarraidh. Tá táille i gceist leis sin.

**Céim 6: An cinneadh críochnaitheach uainn**

Agus sinn ag teacht ar an gcinneadh uainn, déanfaimid breithniú ar an iarratas agus ar gach agóid agus aighneacht a fuarthas agus, i gcás gur seoladh éisteacht ó bhéal, ar an tuarascáil agus an moladh ón duine nó ó na daoine a sheol an éisteacht.

Nuair a bheidh cinneadh críochnaitheach déanta againn, cuirfimid an cinneadh sin in iúl do na daoine seo a leanas:

- An t-iarratasóir/an ceadúnaí
- Aon duine a rinne aighneacht i scríbhinn nó agóid bhailí
- Na comhlachtaí poiblí atá sonraithe sna rialacháin

Cuirfear an cinneadh ar fáil lena iniúchadh ar an suíomh Gréasáin seo. Féadfar tarscaoiltí agus aisíocaíochtaí táille a cheadú i leith iarratas agus agóidí in imthosca teoranta áirithe.

Nuair a bheidh cinneadh chun ceadúnas a dhiúltú nó a dheonú eisithe, féadfaidh aon duine iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt laistigh de dhá mhí ón gcinneadh chun athbhreithniú breithiúnach a lorg ar bhailíocht an chinnidh. Féach Céim 7 thíos.

**Céim 7: Athbhreithniú ar cheadúnas láithreach**

I gcás go mbeidh Ceadúnaí den tuairim gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar a Cheadúnas Dramhaíola láithreach nó ar a Ceadúnas Dramhaíola láithreach, ba cheart dó nó di teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil i scríbhinn, á leagan amach cén fáth a measann sé nó sí gur gá a Cheadúnas nó a Ceadúnas a athbhreithniú. I gcomhar leis an gClár um Cheadúnú Comhshaoil de chuid na hOifige Aeráide, Ceadúnúcháin agus Úsáide Acmhainní, breithneoidh an Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil na forais leis an

athbhreithniú agus déanfaidh sí cinneadh ar cé acu is gá nó nach gá athbhreithniú a dhéanamh. Cuirfear an cinneadh sin in iúl don Cheadúnaí.

Nuair a shuífear gur gá athbhreithniú a dhéanamh, déanfaidh an Ceadúnaí iarratas ar athbhreithniú ar a Cheadúnas nó ar a Ceadúnas i gcomhréir leis na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Ceadúnú), 2004 go 2011. Tá an nós imeachta le haghaidh iarratas ar athbhreithniú ar cheadúnas a thaisceadh cosúil leis an nós imeachta le haghaidh iarratas a dhéanamh ar cheadúnas.

Féadfaidh an Ghníomhaireacht athbhreithniú ar Cheadúnas a thionscnamh in imthosca áirithe freisin, mar atá leagtha amach in alt 42(1)(b) den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, arna leasú.

**Céim 8: Ceadúnas láithreach a leasú**

Féadfaidh an Ghníomhaireacht ceadúnas dramhaíola a leasú chun na gcríoch seo a leanas-

1. aon earráid cléireachais atá istigh ann a cheartú,
2. déanamh aon ruda de bhun coinníoll atá ag gabháil leis an gceadúnas a éascú i gcás go bhféadfaí a mheas le réasún gur beartaíodh déanamh an ruda sin faoi théarmaí an choinníll nó faoi théarmaí an cheadúnais ina n-iomláine ach nár foráladh go sainráite dó sa choinníoll,
3. cabhrú le sealbhóir ceadúnais déanamh de réir aon cheanglas teicniúil a bhunófar, nó a leasófar, de bharr gníomhartha Comhphobail nua a thabhairt isteach nó gníomhartha Comhphobail láithreacha a leasú, nó
4. ní bheidh de thoradh ar oibriú an cheadúnais ná déanamh an leasaithe a éascú ar shlí eile go scoirfear de cheanglais iomchuí alt 40(4) a chomhlíonadh.

Amharc ar an treoir ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil do cheadúnaithe maidir le hiarrataí ar athruithe.

## Dumpáil ar farraige

### Dumpáil ar farraige a cheadú in Éirinn

Leis an Acht um Dhumpáil ar Farraige, 1996, arna leasú, toirmisctear substaint nó ábhar a dhumpáil ar farraige ó árthaí, ó aerárthaí nó ó shuiteáil amach ón gcósta gan chead. Is é an cuspóir atá le cead um Dhumpáil ar Farraige ná dumpáil ábhair ar farraige a rialáil.

Rinneadh feidhmeanna áirithe a bhaineann le dumpáil ar farraige a aistriú ón Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil leis an Acht um Imeall Trá agus um Dhumpáil ar Farraige (Leasú), 2009. Leis an Acht sin, tugtar de chumhacht don Ghníomhaireacht cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratas ar chead chun ábhar a dhiúscairt ar farraige, agus cead um Dhumpáil ar Farraige a eisiúint ina dhiaidh sin.

### An próiseas ceadúcháin um dhumpáil ar farraige

Tá sa phróiseas ceadúcháin um dhumpáil ar farraige roinnt céimeanna a bhfuil i gceist leo dul i gcomhairle leis an iarratasóir agus le comhairlithe reachtúla. Éascaítear leis an bpróiseas sin freisin rannpháirtíocht phoiblí, trí aighneachtaí i scríbhinn. Is trí athbhreithniú breithiúnach a fhéadfar agóid a dhéanamh i gcoinne bhailíocht aon chinnidh ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir le hiarratas.
Féadfaidh aon duine aighneacht a dhéanamh maidir le haon iarratas ar chead um Dhumpáil ar Farraige a fhaigheann an Ghníomhaireacht.

### Iarratas a dhéanamh ar chead um dhumpáil ar farraige

Ceanglaítear ar aon duine ar mian leis nó léi ábhar a dhiúscairt ar farraige iarratas a dhéanamh ar chead um Dhumpáil ar Farraige.

Moltar do gach iarratasóir eolas a chur ar an doiciméadacht treorach iomchuí sula dtaiscfidh siad iarratas comhlánaithe ar chead agus Foirm Tuairiscithe Anailíse Ábhair.

Tá na doiciméid iarratais ar chead, an comhfhreagras agus na haighneachtaí ar fad agus an Clár um Dhumpáil ar Farraige, ina dtugtar sonraí faoi na ceadanna uile a deonaíodh, ar fáil tríd an bhfeidhm 'Cead um Dhumpáil ar Farraige a Chuardach'.

# An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

## Iarratas a dhéanamh ar Thoiliú Limistéir Mhuirí nó Ceadúnas sa Limistéar Muirí – le héifeacht ón 17 Iúil 2023.

Ní ghlacfaidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le hiarratais imeall trá a thuilleadh ón 17 Iúil 2023. Ní mór gach iarratas nua ar thoilithe sa limistéar muirí a chur faoi bhráid an Údaráis Rialála Limistéir Mhuirí. Tá foirmeacha iarratais agus treoir ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis Rialála Limistéir Mhuirí.

# Iarratais Phleanála Muirí

## An Comhthéacs Náisiúnta le haghaidh Fuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta

Is é an comhthéacs náisiúnta le haghaidh forbairt fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta ná an sprioc atá ann go mbeadh 5 GW de thoilleadh fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta i bhfeidhm agus i mbun feidhme faoin mbliain 2030 agus go mbeadh 30 GW de thoilleadh snámhach fuinnimh gaoithe amach ón gcósta i bhfeidhm agus i mbun feidhme tar éis na bliana 2030. Tá an sprioc 5 GW leagtha amach i gClár an Rialtais, agus tá na spriocanna 5 GW agus 30 GW luaite sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.

## Tionscadail Fuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta atá sa Phróiseas a Chéimniú

Leis an Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí, arna thrasuí isteach san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, soláthraítear sásra do thionscadail oidhreachta fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta atá tar éis dul isteach sa phróiseas imeall trá aistriú isteach chuig an gcóras nua toilithe, agus bhí an méid sin leagtha amach i bPrótacal Idirthréimhseach ar chuir na tionscadail a bhí ann cheana a n-ainm leo. Faoin bprótacal idirthréimhseach, gheobhadh na tionscadail a bhí ann cheana sa chóras imeall trá cóir thosaíochta maidir lena gcur ar aghaidh tríd an bpróiseas um pleanáil limistéir mhuirí. D'fhéachfadh sé cinn san iomlán de thionscadail fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta de Chéim 1 le hiarratais a dhéanamh chuig an gCoimisiún, agus a bhformhór suite amach ón gcósta thoir.

Sula ndéanfar aon iarratas ar chead pleanála, ceanglófar ar gach tionscadal sa limistéar muirí toiliú limistéir mhuirí a fháil, rud arb ionann é, tríd agus tríd, agus measúnú airgeadais agus ardleibhéil ar an tionscadal agus a ghlacann áit na gné léasa imeall trá den reachtaíocht atá ann cheana. Is í gníomhaireacht nua darb ainm an tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí a dhéanfaidh formhaoirseacht ar an measúnú ar thoilithe limistéir mhuirí agus ar eisiúint na dtoilithe sin.

Faoi alt 287 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, ceanglaítear ar an iarratasóir freisin dul i mbun comhairliúcháin réamhiarratais leis an gCoimisiún Pleanála sula ndéanfaidh sé nó sí iarratas ar chead faoi alt 291 den Acht.